

Céad Leabhar na MACABAECH

Tús

1 Tháinig Alastar na Macadóine mac Philib ó thír Chitím agus bhris sé ar Dháire rí na bPeirseach agus na Méideach, agus tháinig sé i gcoróin ina dhiaidh, ar dtús sa Ghréig Mhór. ²Is iomaí cogadh a d'fhear sé agus dún a ghabh sé; agus chuir sé ríthe na ndúichí chun báis. ³Ghabh sé ar aghaidh go himill na cruinne agus chreach sé na náisiúin ceann ar cheann; thit tost ar an domhan roimhe agus bhorr a chroí uallach le teann díomais. ⁴Bhailigh sé arm tréan cumhachtach, chuir cúigí, náisiúin, agus prionsaí faoi chois agus chuir faoina ghéillsine iad. ⁵Ach tháinig an lá nuair a thug Alastar an leaba air féin, agus a fhios aige go raibh an bás chuige. ⁶Chuir sé fios ar chompánaigh, uaisle a oileadh in éineacht leis óna óige, agus roinn sé a ríocht orthu fad bhí sé fós beo. ⁷Bhí Alastar dhá bhliain déag i réim nuair a d'éag sé. ⁸Chuir gach duine dá chompánaigh bun air féin ina dhúiche féin. ⁹Ghabh gach duine díobh coróin chuige féin tar éis a bháis, rud a rinne a glann mhac freisin ina ndiaidh ar feadh mórán blianta; agus thug siad a lán urchóidí ar an talamh.



Géarleanúint faoi Aintíochas

¹⁰D'eascair géag pheacúil uathu, Aintíochas Eipifeanaes, mac Aintíochas rí. Ba ghiall eisean sa Róimh trá. ¹¹Tháinig sé i gcoróin sa tseachtú bliain ar thríocha ar chéad de fhlaithneas na nGréagach. Um an dtaca sin bhorr dream coirpeach in Iosrael agus chuir siad a lán daoine ar seachrán. “Téanam,” a deiridís, “tagaimis chun réitigh leis na págánaigh atá inár dtimpeall, óir is iomaí mí-ádh a casadh orainn ó scaramar leo.”

¹²Glacadh leis an moladh seo ¹³agus chuaigh cuid de na daoine go fonnmhar os comhair an rí le hiarratas agus thug sé cead dóibh na deasghnátha págánacha a chleachtadh.

¹⁴Thóg siad giomnásiam in Iarúsailéim mar a bhíonn ag na págánaigh. ¹⁵Chuir siad bréigriocht ar a dtimpeallghearradh, thréig siad an conradh naofa, agus ghéill siad do cheannas na bpágánach mar dhaoráin ag an olc dá ndeoin féin.

¹⁶Nuair a chonaic Aintíochas go raibh a fhlaithneas bunaithe go daingean, bheartaigh sé coróin na hÉigipte a bhaint amach agus a bheith i gceannas ar an dá thír. ¹⁷Rinne sé ionradh ar an Éigipt dá bhrí sin le harm tréan, le carbaid, le heilifintí, le marchslua agus le cabhlach mór. ¹⁸Chuir sé cath ar Ptoilimí rí na hÉigipte; chas Ptoilimí ar a sháil agus theith roimhe, agus rinne sé ár agus eirleach ar a lán. ¹⁹Gabhadh cathracha daingne thír na hÉigipte agus rinne Aintíochas an tír a chreachadh. ²⁰Tar éis dó an Éigipt a ghabháil, sa bhliain céad daichead a trí, d'fhill Aintíochas agus thug a aghaidh ar Iosrael agus ar Iarúsailéim le fórsa tréan. ²¹Rop sé isteach sa sanctóir le barr uaille agus thug sé leis an altóir órga, an coinnleoir don solas agus gach ar bhain leis, ²²agus an bord d'arán na láithreachta, na soithí do na hofrála d'í, na coirn, na túisteáin óir, an fial, na corónacha,



agus na maisiúcháin órga ar thosach an Teampaill; thóg sé gach ní chun siúil uaidh.

²³Thóg sé leis an t-airgead agus an t-ór agus na soithí luachmhara; d'aimsigh sé na seoda rúnda agus rug leis iad. ²⁴D'imigh sé ar ais chun a thíre féin agus an méid sin go léir á mbreith leis aige; d'fhág sé an áit ina chosair easair agus briathra mórdhíomais á gcur as aige.

²⁵Bhí caoineadh agus olagón ar fud Iosrael go léir:

²⁶Bhí uachtaráin agus seanóirí ag caoineadh;

Bhí ógmhná agus ógánaigh á gcnaí;

chlaochlaigh lí agus snó na mban.

²⁷Chrom gach fear nuaphósta ar chaoi,
agus bhí gach brídeog go brónach ar a leaba lánúnais.

²⁸Bhí an talamh féin ar crith ar son a muintire,
agus bhí teaghlach Iacóib go léir faoi aonbhrat náire.

²⁹Dhá bhliain ina dhiaidh sin chuir an rí ceannaire [na Míosach] ar fud cathracha Iúdá. Tháinig sé go Iarúsailéim le díorma láidir. ³⁰Labhair sé leo, mar dhea, i mbriathra síochánta, agus ghéill siad dó. Ach thug sé fogha go tobann faoin gcathair agus bhuail í go tubaisteach, agus scrios a lán de mhuintir Iosrael. ³¹Chreach sé an chathair, chuir trí thine í, leag anuas a tithe agus na ballaí ina timpeall, ³²sciob na mná agus na leanaí leis ina mbránna, agus ghabh an t-eallach mar chreach. ³³Ansin rinne siad cathair Dháiví a dhaingniú le balla láidir agus le túir dhaingne, agus bhí sí acu mar dhúnfort. ³⁴Bhuanaigh siad ann díorma de choirpigh, ropairí a chuir cóir chosanta orthu féin ann. ³⁵Chuir siadsan



airm agus lón i dtaisce ann agus bhailigh siad creach Iarúsailéim go léir isteach ann; rinne ábhar mór caismirte díobh.

³⁶ Rinneadh de luíochán ar an sanctóir,
namhaid buan urchóideach d'Iosrael.

³⁷ Dhoirt siad fuil neamhchiontach mórthimpeall an tsanctóra,
agus shalaigh siad an sanctóir féin.

³⁸ Theith áitreabhaigh Iarúsailéim dá mbarr,
rinne áitreabh coimhthíoch di,
áit dheoranta dá pór féin;
thréig a clann í.

³⁹ Bánaíodh a sanctóir mar a bheadh fásach ann;
rinneadh caoineadh dá féilte,
agus rinneadh asachán dá sabóidí
agus aithis dá honóir.

⁴⁰ Bhí a náire feasta ar chomhchéim lena glóir tráth.
Rinneadh dobrón dá maorgacht.

⁴¹ Chuir an rí forógra amach ansin dá ríocht go hiomlán, ag ordú go ndéanfaí aon phobal amháin díobh uile ⁴² agus go n-éireodh gach duine as a shain-nósanna féin. ⁴³ Rinne na págánaigh go léir de réir ordú an rí. Ghlac cuid mhór de na hIosraelaigh lena chreideamh chomh maith agus bhídís ag ofráil íobairtí do dhéithe bréige agus ag briseadh saoire na sabóide.



⁴⁴Chuir an rí teachtairí le litreacha go Iarúsailéim agus go cathracha Iúdá á ordú dóibh nósanna iasachta a chleachtadh; ⁴⁵cosc a chur le hofrálacha uileloiscthe, le híobairtí, agus le hofrálacha dí sa sanctóir; sabóidí agus féilte a thruailliú; ⁴⁶an sanctóir agus na sagairt a shalú; ⁴⁷altóirí láithreacha naofa agus scrínte a thógáil d'íola, muca agus ainmhithe neamhghlana a íobairt; ⁴⁸gan a gclann mhac a thimpeallghearradh, agus iad féin a tháiriú le gach sórt mígheanmnaíochta agus gráiniúlachta, ⁴⁹i dtreo go ligfidís an dlí i ndearmad, agus a achtanna go léir a athrú. ⁵⁰“Aon duine nach gcomhlíonfaidh ordú an rí, cuirtear chun báis é.”

⁵¹Scríobh sé teachtaireacht mar sin go gach cearn dá ríocht, agus chuir sé féitheoirí i bhfeighil an phobail go léir agus d'ordaigh sé do chathracha Iúdá íobairt a ofráil ceann ar cheann. ⁵²D'aontaigh a lán den phobal leo – an mhuintir go léir a thréig an dlí is é sin – agus rinne siad an t-olc sa tír, ⁵³agus chuireadar iallach ar Iosrael dul i bhfolach i ngach áit dídine a bhí ar fáil.

⁵⁴Ar an gcúigiú lá déag de Chisléu, sa bhliain céad daichead a cúig, thóg [an rí] gráiniúlacht an léirscriosta os cionn na haltóra, agus tógadh altóirí i gcathracha Iúdá mórtimpeall, ⁵⁵agus ofráladh túis i ndoirse na dtithe agus sna sráideanna. ⁵⁶Sracadh agus dódh leabhair an dlí ar thánghthas orthu. ⁵⁷Duine ar bith ar thánghthas air agus cóip den chonradh ina sheilbh aige, nó é ag cleachtadh an dlí, dhaor forógra an rí chun báis é.

⁵⁸Leanadar orthu ag imirt lámh láidir ar Iosrael, ar an muintir a d'aimsídís sna cathracha mí i ndiaidh na míosa. ⁵⁹Ar an gcúigiú lá fichead den mhí d'ofrálaidís íobairt ar an altóir a tógadh ar altóir an uileloiscthe. ⁶⁰Chuir siad chun báis, de réir an fhorógra, na mná a rinne a gclann a thimpeallghearradh ⁶¹agus a leanáí ar crochadh acu lena muineál, agus a líon tí



agus lucht déanta an timpeallghearrtha.⁶² Ach bhí go leor in Iosrael a sheas go daingean agus a raibh sé de mhisneach iontu bia neamhghlan a dhiúltú.⁶³ B'fhearr leo an bás ná iad féin a thruailliú lena leithéid de bhia nó an conradh naofa a shárú, agus cuireadh chun báis iad.⁶⁴ Ba uafásach an fraoch feirge a imríodh ar Iosrael.

Cogadh Naofa á Adhaint ag Mataitias

2 Sna laethanta sin d'imigh Mataitias mac Eoin mac Shimeon, sagart de shliocht Ióairib **3** Iarúsailéim, agus chuir faoi i Móidín. **2** Bhí cúigear mac aige – Eoin ar a dtugtaí Gaidí, **3** Síomón ar a dtugtaí Taisí, **4** Iúdás ar a dtugtaí Macabaech, **5** Eileázár ar a dtugtaí Avaran, Iónátán ar a dtugtaí Apfús. **6** Chonaic sé na diamhaslaí a bhí á ndéanamh in Iúdá agus in Iarúsailéim **7** agus dúirt: “Ochón! Cén fáth mé a theacht ar an saol le scrios mo mhuintire a fheiceáil agus scrios na cathrach naofa, agus le cónaí inti agus í á tabhairt i lámha naimhde, agus an sanctóir i lámha eachtrannach?

8 Rinne mar a bheadh fear gan chló dá Teampall;

9 Tá a soithí glórmhara fuadaithe mar chreach;
básaíodh a naíonáin ar a sráideanna,
agus a hógánaigh de rinn chlaíomh a namhad.

10 Cén cine nach bhfuair roinn dá [ceannas],
ná a gcion dá creach?

11 Sciobadh a maise go léir ar shiúl uaithe;
rinne daoirse dá saoirse.



¹²Féach! Bánaíodh ár n-áit naofa, ár n-áille, ár nglóir; thruailligh na págánaigh é.

¹³Cad is fiú dúinn a bheith beo feasta?"

¹⁴Stróic Mataitias agus a chlann mhac a gcuid éadaigh, chuir éadach róin orthu féin, agus chaoin go géar goirt.

¹⁵Tháinig coimisinéirí an rí a bhí ag iarraidh séanadh an chreidimh a chur i bhfeidhm go cathair Mhóidín, le go ndéanfaidís íobairt. ¹⁶Chruinnigh go leor de na hIosraelaigh ina dtimpeall agus bhí Mataitias agus a chlann mhac i láthair. ¹⁷Ansin labhair coimisinéirí an rí le Mataitias mar leanas: "Tá meas ort mar cheannaire; is duine mór le rá sa chathair seo thú; tá do chlann mhac agus do dheartháireacha agat mar thaca. ¹⁸Bí ar an gcéad duine le teacht chun tosaigh agus déanamh de réir ordú an rí, mar atá déanta ag na ciníocha go léir agus ag taoisigh Iúdá agus ag fuíoll an áir in Iarúsailéim. Ansin áireofar thú féin agus do chlann mhac i measc chairde an rí; agus mórfar thú féin agus do chlann mhac le hór agus le hairgead agus le go leor bronntanas." ¹⁹D'ardaigh Mataitias a ghlór agus d'fhreagair: "Fiú má ghéilleann gach náisiún atá faoi cheannas an rí dó agus má thréigeann gach ceann acu creideamh a shinsear d'fhonn géilleadh dá reachtanna, ²⁰leanfaidh mise agus mo chlann mhac agus mo dheartháireacha de chonradh ár sinsear. ²¹Nár lige Dia go dtréigfimis an dlí agus a reachtanna. ²²Ní leanfaimidne ordú an rí; ní chlaonfaimidne ar dheis ná ar chlé ónár gcreideamh féin." ²³Nuair a bhí deireadh ráite aige tháinig Giúdach chun tosaigh os comhair an tslua go léir le híobairt a ofráil ar an altóir i Móidín, de réir mar a d'ordaigh fógra an rí. ²⁴Nuair a chonaic Mataitias é sin bhuail díograis é. Tháinig corraí as cuimse air agus racht feirge fíréin. Theilg sé é féin ar



an bhfear agus mharaigh é ar an altóir.²⁵ San am céanna mharaigh sé coimisinéir an rí a bhí a chur d'iallach orthu íobairt a dhéanamh, agus réab sé an altóir as a céile.²⁶ Bhí an oiread sin dúthrachta chun an dlí ann go ndearna sé mar a rinne Píneachás in aghaidh Zimrí mac Shálú.²⁷ Ansin d'imigh Mataitias ar fud na cathrach agus é ag scairteadh in ard a chinn: “Gach duine atá dúthrachtach ar son an dlí agus a sheasann leis an gconradh, tagadh sé amach agus leanadh sé mé.”²⁸ Theith sé ansin lena chlann mhac chun na gcnoc agus d'fhág siad a raibh acu sa chathair ina ndiaidh.

²⁹A lán daoine ansin a raibh an fhíréantacht agus an chóir á dtóraíocht acu, chuaigh siad síos chun an fhásaigh agus d'fhanadar ansin,³⁰ iad féin, agus a gclann mhac, a mná céile, agus a n-eallach mar go raibh an leatrom ag luí go trom orthu.³¹ Tugadh scéala chun oifigigh an rí agus go dtí na fórsaí in Iarúsailéim, cathair Dháiví, go raibh dream a dhiúltaigh d'ordú an rí imithe síos i bhfolach in áiteanna san fhásach.³² Chuaigh díorma láidir sa tóir orthu agus nuair a tháingadar suas leo chuir siad cóiriú catha orthu féin ina gcoinne agus iad ar tí cath a chur orthu lá na sabóide.³³ Ansin dúirt siad leo: “Is leor sin! Tagaigí amach agus déanaigí rud ar an rí, agus mairfidh sibh.”³⁴ Ach dúirt siadsan: “Ní thiocfaimid amach, ná ní dhéanfaimid rud ar an rí, agus lá na sabóide a thruailliú ar an gcuma sin.”³⁵ Chuir [an dream eile] cath orthu ar an toirt,³⁶ ach níor fhreagair siad an cath, níor chaith siad cloch leo ná níor iaigh siad a n-áiteanna folaithe.³⁷ Ní dúirt siad ach: “Faighimis go léir bás gan chiontacht; go raibh neamh agus talamh ina bhfinnéithe air go bhfuil sibh dár gcur chun báis go héagórach.”³⁸ D'ionsaíodar iad dá bhrí sin ar an tsabóid agus básaíodh iadsan, agus a mná céile agus a leanaí agus a n-eallach, míle duine ar fad.



³⁹Nuair a chuala Mataitias agus a chairde ina thaobh, chaoin siad iad go géar. ⁴⁰Agus dúirt gach fear lena chomharsa: “Má dhéanaimid go léir mar a rinne ár mbráithre, agus gan troid leis na págánaigh ar son ár n-anama agus ár reachtanna, is gearr an mhoill a bheidh orthu sinn a scriosadh de chlár na talún.” ⁴¹Chinn siad mar leanas dá bhrí sin an lá sin: “Cibé duine a dhéanfaidh ionsaí orainn lá na sabóide, cuirfimis cath air, agus ná faighimis go léir bás dála ar mbráithre ina gcróite folaigh.”

⁴²D’aontaigh cuallacht Hasadaech leo, gaiscígh chróga le hIosrael, agus gach duine díobh á thabhairt féin dá dheoin don dlí. ⁴³Ghabh gach duine a theith ón ngéarleanúint leo chomh maith agus thug siad breis tacaíochta dóibh. ⁴⁴Chuir siad eagar airm orthu féin, leag siad peacaigh ar lár le teann feirge, agus coirpigh le reacht buile; theith ar tháinig slán chun na bpágánach ag lorg dídine. ⁴⁵Ghabh Mataitias agus a chairde timpeall agus scartáil siad na haltóirí, ⁴⁶agus aon bhuachaillí a fuair siad gan timpeallghearradh i gcríocha Iosrael, rinne siad iad a thimpeallghearradh dá n-ainneoin. ⁴⁷Chuir siad tóir ar lucht an éirí in airde, agus bhí rith an rása lena gcúram. ⁴⁸D’fhuascail siad an dlí ó láimh na bpágánach agus na ríthe, agus níor fhág siad an buntáiste ag an gcoirpeach.

Bás Mhataitias

⁴⁹Nuair a bhí laethanta Mhataitias ag druidim le ceann cúrsa, dúirt sé lena chlann mhac: “Tá an t-uabhar agus an aithis i réim; is uain íde agus fraoch feirge í. ⁵⁰Anois an t-am agaibh, a chlann ó, le bheith dúthrachtach i leith an dlí, agus le bhur n-anam a imirt ar mhaithe le Conradh ár sinsear.



- ⁵¹ Cuimhnígí ar na héachtaí a rinne ár sinsir, gach duine díobh ina ghlúin féin, agus tuillfidh sibh barr onóra agus clú nach mbáfar.
- ⁵² Nach bhfuarthas Abrahám dílis nuair a rinneadh é a phromhadh, agus nár áiríodh mar fhíréantacht dó é?
- ⁵³ Nuair a bhí Iósaeaf i gcruachás, chomhlíon sé an aithne, agus rinneadh tiarna na hÉigipte de.
- ⁵⁴ Mar chúiteamh ar son a dhíograise agus a dhúthrachta, fuair Píneachás, ár n-athair, sagartacht shíoraí.
- ⁵⁵ Rinneadh breitheamh in Iosrael de Iósua, mar gur chomhlíon sé an aithne.
- ⁵⁶ Fuair Cálaeb talamh mar oidhreacht mar gur thug sé fianaise i láthair an chomhthionóil.
- ⁵⁷ Fuair Dáiví coróin na ríochta mar oidhreacht shíoraí, mar go raibh sé trócaireach.
- ⁵⁸ Tógadh Éilias suas ar neamh mar go raibh sé ar lasadh le díograis don dlí.
- ⁵⁹ Fuasclaíodh Hanainiá, Azairiá, agus Míséil ón tine mar gur chreid siad.
- ⁶⁰ Saoradh Dainéil ó chlab na leon mar go raibh sé gan chastacht chroí.
- ⁶¹ Tugaigí faoi deara dá bhrí sin nach dteipfidh ó ghlúin go glúin ar an muintir a chuireann a muinín ann.



⁶² Ná bíodh eagla oraibh roimh bhagairt an pheacaigh, mar déanfar aoileach agus cnuimh dá mhóiréis.

⁶³ Beidh sé thuas inniu, ach amárach ní bheidh fáil air, óir d'fhill sé ar an luathreach as ar tháinig sé, agus téann a bheartas amú.

⁶⁴ A chlann ó, bíodh misneach agaibh, agus bígí tréan sa dlí, óir is tríd a bhainfidh sibh amach an ghlóir.

⁶⁵“Sin é agaibh bhur mbráthair Síomón, fear eagnaí comhairle mar is eol dom; éistigí leis i gcónaí; bíodh sé mar athair agaibh; ⁶⁶ gaiscíoch tréan óna óige é Iúdás Macabaeach, agus bíodh sé i gceannas ar an arm agaibh agus fearadh sé cogadh in aghaidh na bpágánach.

⁶⁷ Bailígí chugaibh féin lucht comhlíonta an dlí go léir, agus déanaigí an éagóir ar bhur muintir a agairt. ⁶⁸ Déanaigí éiric iomlán a thobhach ar na págánaigh, agus comhlíonaigí aithne an dlí.” ⁶⁹ Bheannaigh sé iad ansin agus cruinníodh chun a shinsear é. ⁷⁰ Fuair sé bás sa bhliain céad daichead a sé agus adhlacadh é i dtuama a shinsear i Móidín. Rinne Iosrael go léir é a chaoineadh go dubhach.

Moladh do Iúdás Macabaeach

3 Tháinig Iúdás ar a dtugtaí Macabaeach, a mhac, i gceannas ina áit. ² Bhí a bhráithre go léir agus lucht leanúna a athar go léir ag cabhrú leis, agus throid siad le fonn ar son Iosrael.



³ Leath sé cáil a mhuintire.

Chuir sé a lúireach uime dála fathaigh,
agus a threalamh catha ina thimpeall.

Throid sé cathanna

agus chosain a shluaite le faobhar claímh.

⁴ Ba gheall le leon é ar éachtaí,

agus le coileán leoin ag uallfartaigh sa tóir.

⁵ Chuir sé tóir ar na coirpigh agus ghabh iad.

Chuir sé tine le lucht ciaptha a mhuintire.

⁶ Chúb coirpigh chucu le heagla roimhe,
agus bhuail buaireamh is scéin lucht déanta an oilc.

Bhí an rath ar an slánú faoina threoir.

⁷ Chuir sé gangaid i dtreo a lán ríthe,

agus lúcháir ar Iacób lena bhearta.

Tá beannacht ar a chuimhne go brách.

⁸ Ghabh sé trí chathracha Iúdá

agus scrios sé na héagraífigh iontu.

D’iompaigh sé an fhearg i leataobh ó Iosrael.

⁹ Chuaigh a cháil go himill na cruinne,

agus chruinnigh sé le chéile an mhuintir a bhí ar tí a millte.



Bua Iúdáis

¹⁰Ach thionól Apollóinias na págánaigh agus slua mór ón tSamáir le troid in aghaidh Iosrael. ¹¹Nuair a fuair Iúdás scéala, ghabh sé amach ina choinne, bhris sé air agus mharaigh sé é; thit a lán i gcosair chró, agus theith an chuid eile. ¹²Ansin ghabhadar a gcreach agus thóg Iúdás claíomh Apollóinias agus bhain sé feidhm as i gcath an chuid eile dá shaol. ¹³Nuair a chuala Saerón, ceannaire arm na Síre, go raibh díorma tréan bailithe ag Iúdás ina thimpeall, buíon creidmheach agus lucht tathaíoch ar chogaíocht, ¹⁴dúirt sé: “Bainfidh mé clú agus cáil amach agus tuillfidh mé onóir sa ríocht má chuirim cogadh ar Iúdás agus ar a lucht tacaíochta nach bhfuil meas acu ar ordú an rí.” ¹⁵Chuaigh sé ar aghaidh dá bhrí sin agus arm láidir d’aindiagaigh mar thaca aige le díoltas a imirt ar chlann Iosrael. ¹⁶Bhí fána Bhéit Horón sroichte aige nach mór nuair a ghabh Iúdás amach ina aghaidh le buíon an-bheag fear. ¹⁷Nuair a chonaic siadsan an t-arm ag teacht ina n-aghaidh, dúirt siad le Iúdás: “Conas is féidir dúinne agus a laghad dinn atá ann, troid i gcoinne slua atá chomh mór agus chomh tréan sin? Agus táimid lag, agus sinn ar céalacan fós inniu.” ¹⁸D’fhreagair Iúdás: “Is furasta don bheagán an mórán a theanntú, mar i láthair Neimhe is ionann fuascailt trí mhórán nó trí bheagán; ¹⁹mar ní ar líon an tslua atá bua catha ag brath, ach is ó neamh a thagann an neart. ²⁰Tá siad ag teacht inár gcoinne ag borradh le huabhar agus le coirpeacht d’fhonn sinne agus ár mná agus ár leanaí, a scriosadh, agus a chreachadh. ²¹Ach táimidne ag troid ar son ár n-anama agus ár ndlíthe. ²²Déanfaidh seisean iad a smiotadh os comhair ár súl; ná bíodh eagla oraibh rompu.” ²³Nuair a bhí deireadh aige, thug sé fogha faoi Shaerón agus a shluaite go



tobann agus chuir i raon maidhme roimhe iad; ²⁴ chuaigh siad sa tóir air le fána Bhéit Horón síos go dtí an mhá; thit ocht gcéad díobh, agus theith an chuid eile go tír na bhFílistíneach. ²⁵ Ansin leath eagla roimh Iúdás agus a dheartháireacha i measc na ndaoine agus tháinig scéin ar na págánaigh máguaird. ²⁶ Shroich a cháil fiú an rí féin agus bhí cathanna Iúdáis ina lán béil ag na págánaigh.

Feachtas á Ullmhú

²⁷ Nuair a fuair Aintíochas rí na tuairiscí sin, tháinig cuthach feirge air, agus chuir sé gairm scoile amach agus chruinnigh sluaite a ríochta go léir, arm an-tréan. ²⁸ D'oscail sé a chiste agus thug pá bliana dá arm agus d'ordaigh dóibh a bheith ullamh d'aon ní a tharlódh. ²⁹ Fuair sé amach ansin go raibh airgead an chiste caite agus gur bheag a bhí ag teacht isteach ón tír de bharr an aighnis agus an trangleim a thug sé ar an tír toisc na dlíthe a bhí i bhfeidhm leis na cianta a chur ar ceal. ³⁰ Thosaigh eagla ar theacht air go dtarlódh sé mar a tharla uair nó dhó roimhe sin, nach mbeadh go leor ina chiste le haghaidh na gcostas agus na dtabhartas a bhíodh á mbronnadh aige níos féile ná na ríthe a ghabh roimhe. ³¹ Bhí suaitheadh mór intinne air agus bheartaigh sé ar dhul go dtí an Pheirs, le cánacha a thobhach ó na réigiúin sin agus suim mhór airgid a bhailiú. ³² D'fhág sé Lisias, duine uasal den ríshliocht, i bhfeighil cúraimí an rí ó abhainn an Eofrataes go teorainneacha na hÉigipte. ³³ Eisean freisin a bhí lena mhac Aintíochas a oiliúint nó go bhfillfeadh sé. ³⁴ Chuir sé leath a shluaite agus na heilifintí faoi chúram Lisias chomh maith agus thug sé treoracha dó i dtaobh a raibh á bheartú aige a dhéanamh, go háirithe maidir



leis an muintir a bhí ag cur fúthu in Iúdáia agus in Iarúsailéim. ³⁵Bhí Lisias le harm a chur ina gcoinne le neart Iosrael agus iarmhar Iarúsailéim a scriosadh agus a mhilleadh agus a gcuimhne a scuabadh ar fad ón áit, ³⁶sliocht eachtrannach a phlandáil ina geríocha go léir, agus a dtailte a roinnt ar chrainn. ³⁷Thug an rí an leath eile dá arm leis agus d'fhág Aintíoch, príomhchathair na ríochta, sa bhliain céad daichead a seacht. Chuaigh sé thar abhainn an Eofrataes agus ghabh trí na cúigí uachtaracha.

Ionradh ar Iúdás

³⁸Thogh Lisias Ptoilimí mac Dhoramanaes agus Niocánór agus Goirgias, fir thábhachtacha i measc chairde an rí, ³⁹agus sheol daichead míle coisí agus seacht míle marcach faoina gceannas le dul isteach i dtír Iúdá agus é a scrios mar a d'ordaigh an rí. ⁴⁰Chuir siad chun bóthair lena bhfórsaí go léir agus shroich siad comharsanacht Amáus sna hísleáin agus shuigh siad a longfort ansiúd. ⁴¹Nuair a chuala ceannaitheoirí na dúiche cérbh iad féin, thug siad leo raidhse óir agus airgid agus [geimhle] chomh maith, agus isteach leo sa longfort agus é ar intinn acu clann Iosrael a cheannach mar dhaoráin; bhí slua mór ón tSír agus ó thír na bhFilistéineach ina dteannta.

⁴²Chonaic Iúdás agus a dheartháireacha go raibh an scéal imithe chun an donais, agus go raibh fórsaí ag cur fúthu ina geríocha. Fuair siad amach freisin cad a d'ordaigh an rí a dhéanamh leis an bpobal lena léirscrios ar fad. ⁴³Dúirt siad lena chéile: “Déanaimis ár bpobal creachta a athnuachan agus troidimis ar son ár bpobail agus ár sanctóra.” ⁴⁴Rinne



siad a muintir a thionól le bheith ullamh chun cogaidh agus le guí agus le trócaire agus trua a lorg.

⁴⁵ Bhí Iarúsailéim tréigthe mar a bheadh fásach,
gan aon duine dá leanaí le dul isteach ná amach.
Pasáladh an sanctóir faoi chois;
fuair sliocht iasachta seilbh ar an Dúnfort;
agus tá sé anois ina lóistín ag págánaigh.
Cuireadh deireadh le lúcháir Iacóib;
scoir an phíb is an chruit dá gceol.

⁴⁶ Ar thionól dóibh chuaigh siad go Miozpá, os comhair Iarúsailéim, mar ba áit urnaí é Miozpá ag Iosrael tráth. ⁴⁷ Rinne siad troscadh an lá sin, ghléas in éadach róin, chuir luaithreach ar a gceann, agus stróic a gcuid éadaigh. ⁴⁸ D'oscail siad leabhar an dlí le réiteach a bhfadhb a fháil faoi mar a théadh na págánaigh i muinín íomhánna a n-íol. ⁴⁹ Thug siad amach freisin na héidí sagairt, na céadtorthaí agus na deachúna; agus spreag siad na naizírigh a raibh a dtréimhse comhlíonta acu. ⁵⁰ Ghlaoigh siad in ard a gcinn chun Neimhe a rá: “Céard a dhéanfaimid leis an muintir seo agus cá seolfaimid iad? ⁵¹ Pasáladh do shanctóir faoi chois agus truailíodh é; tá do shagairt faoi aithis ag caoineadh. ⁵² Tá na págánaigh cruinnithe inár n-aghaidh le sinn a scriosadh; is eol duit céard atá á bheartú acu dúinn. ⁵³ Conas a fhéadfaimid an fód a sheasamh ina n-aghaidh mura ndéanann tú fóirithint orainn?” ⁵⁴ Ansin shéid siad an stoc agus chuir siad gáir mhór suas.

⁵⁵ Ansin cheap Iúdás ceannasaithe ar an bpobal, ceannairí míle, ceannairí céad, ceannairí caogad, agus ceannairí deichniúr. ⁵⁶ Dúirt sé leis na daoine a bhí ag tógáil tithe,



nó a bhí geallta le bean, nó ag cur fíonghort, agus le lucht an drochmhisnigh, dul abhaile, gach duine díobh, mar a deir an dlí. ⁵⁷ Ansin ghluais an slua chun bóthair faoi eagar agus shuigh siad a longfort taobh theas d'Amáus. ⁵⁸ Dúirt Iúdás: “Fáiscigí bhur gcrios faoi bhur gcoim agus déanaigí cion fir go cróga; bígí ullamh go moch amárach le cath a chur ar na págánaigh seo atá cruinnithe le chéile inár n-aghaidh d’fhonn sinn féin agus ár sanctóir a scriosadh. ⁵⁹ Is fearr dúinn bás a fháil sa chath ná bheith ag faire ar ár gcine agus ar ár sanctóir á scriosadh. ⁶⁰ Ach déanfaidh sé mar is toil leis ar neamh.”

Cath Amáus

4 Thug Goirgias cúig mhíle troitheach agus míle marcach tofa leis agus chuir an díorma chun bealaigh san oíche, ² le hintinn longfort na nGiúdach a ionsaí agus fogha a thabhairt fúthu gan choinne. Bhí fir ón Dúnfort mar threoraithe aige. ³ Ach fuair Iúdás gaoth an fhocail agus chuir sé chun bealaigh, é féin agus a laochra, le fogha a thabhairt faoi shluaite an rí in Amáus ⁴ fad a bheadh na fórsaí troda ar iarraidh ón longfort.

⁵ Chuaigh Goirgias isteach i gcampa Iúdáis san oíche agus ní bhfuair sé aon duine ann; d’imigh sé á lorg faoi na sléibhte “mar,” a dúirt sé, “tá siad ag teitheadh uainn!”

⁶ Le breacadh an lae, b’shiúd é Iúdás sa mhachaire agus trí mhíle fear leis, ach gan éidí catha ná claimhte acu mar ab áil leo. ⁷ Chonaic siad longfort na bpágánach, é láidir daingean, agus marcshlua timpeall air, agus iadsan oilte ar chogaíocht. ⁸ Ach dúirt Iúdás leis an dream a bhí in éineacht leis: “Ná cuireadh a líon eagla oraibh, agus ná baineadh a n-ionsaí bhur misneach díbh! ⁹ Cuimhnígí conas mar a fuasclaíodh ár sinsir ag an Muir



Rua nuair a bhí Forann sa tóir orthu lena shluaite. ¹⁰Glaoimis chun Neimhe anois féachaint an áil leis sinn, agus an gcuimhneoidh sé ar a chonradh lenár sinsir agus an scriosfaidh sé an t-arm seo atá inár n-aghaidh inniu. ¹¹Ansin a bheidh a fhios ag na págánaigh go léir go bhfuil neach ann a shaorann agus a fhuasclaíonn Iosrael.”

¹²D’fhéach na heachtrannaigh suas ansin agus chonaic siad iad ag teacht ina n-aghaidh, ¹³agus ghluais as an longfort amach chun catha. Shéid muintir Iúdáis an stoc ¹⁴agus chuir cath orthu. Briseadh ar na págánaigh agus theith siad chun na n-ísleán. ¹⁵Thit a raibh ar deireadh go léir le faobhar claímh; lean siad sa tóir orthu chomh fada le Gazara agus ísleáin Idiúmáia, Azótas agus Iaimnía; thit timpeall trí mhíle den namhaid. ¹⁶Ansin scoir Iúdás den tóir orthu agus d’fhill sé féin agus a fhórsaí ar ais, ¹⁷agus dúirt sé lena mhuintir: “Ná santaígí an chreach, mar tá cath eile romhainn; ¹⁸tá Goirgias agus a fhórsaí fós ar an sliabh in aice linn; seasaigí an fód in aghaidh bhur naimhde agus cuirigí cath orthu agus ansin tógaigí libh an chreach le fosc.” ¹⁹Is ar éigean a bhí deireadh na cainte sin ráite ag Iúdás nuair a chonacthas buíon naimhde de dhroim an tsléibhe. ²⁰Chonaic siadsan gur cuireadh an teitheadh ar [a n-arm féin] agus go raibh an longfort á chur trí thine, mar d’inis an deatach a bhí le feiceáil cad a tharla. ²¹Chuir an radharc sin scéin a gcroí orthu; agus nuair a chonaic siad chomh maith arm Iúdáis faoi chóiriú catha ar an machaire, ²²theith siad go léir go críocha na bhFilistíneach. ²³D’fhill Iúdás ar ais ansin chun an longfort a chreachadh. Thug siad leo a lán airgid agus óir, agus éadach de dhath gorm agus de chorcar na mara, agus mórchuid maoinne. ²⁴Nuair a tháinig siad ar ais chan siad iomann agus laoihe molta chun Neimhe, “mar is maith é agus maireann a thrócaire go brách”. ²⁵Bhí slánú mór ag Iosrael dá réir sin, an lá sin.



Céad Fheachtas Lisias

²⁶Cibé dream de na heachtrannaigh a tháinig slán chuaigh siad go Lisias le scéala faoinar tharla. ²⁷Chuir an tuairisc suaitheadh agus drochmhisneach air mar ní mar a bheartaigh sé a tharla d'Iosrael, ná ní mar a d'ordaigh an rí dó a bhí an toradh. ²⁸Ach an bhliain dár gcionn thionóil sé trí fichid míle troitheach den scoth, agus cúig mhíle marcach, le hiad a bhrú faoi chois. ²⁹Tháinig siad isteach in Idiúmáia agus shuigh siad a longfort i mBéit Zúr mar ar tháinig Iúdás ina n-aghaidh le deich míle fear. ³⁰Nuair a chonaic sé an t-arm tréan ghuigh sé agus dúirt: “Moladh leat, a shlánaitheoir Iosrael, tusa a bhasc neart an ghaiscígh ghroí trí lámh do ghiolla, Dáiví; agus a thug longfort na bhFílistíneach i lámha Iónátán mac Shóil agus fir iompartha a airm. ³¹Basc an t-arm seo chomh maith trí lámha do phobail Iosrael agus bíodh náire orthu faoina bhfórsaí agus faoina marcshlua. ³²Cuir líonrith orthu le meatacht, agus scaip a muinín ina neart féin; bris orthu agus bain dá gcosa iad. ³³Leag ar lár iad le claíomh na muintire a thugann grá duit; agus gach duine arb eol dó d'ainm, molfaidh sé thú le hiomainn.”

³⁴Thug an dá thaobh faoina chéile agus thit cúig mhíle fear d'fhórsaí Lisias i ngráscar lámh. ³⁵Nuair a chonaic Lisias a arm á chloí agus a mhisniúla a bhí arm Iúdáis agus iad chomh réidh sin do bhás nó do bheatha le honóir, d'imigh sé leis go hAintíoch agus liostáil sé amhais ansiúd le hionradh eile a dhéanamh ar Iúdáia le fórsaí breise arís.



Tíolacadh an Teampaill

³⁶ Ansin dúirt Iúdás agus a dheartháireacha: “Tá buaite ar ár naimhde anois; téimis suas chun an sanctóir a ghlanadh agus a choisreacan.” ³⁷ Chruinnigh siad an t-arm ar fad, dá bhrí sin, agus chuaigh siad suas go Cnoc Shíón. ³⁸ Chonaic siad an sanctóir ina fhásach, an altóir truailithe, na geataí dóite, agus toir ag fás sna cúirteanna, mar a bheadh i ndoire nó ar cheann de na sléibhte, agus na stórais ina bhfothracha. ³⁹ Stróic siad a gcuid éadaigh agus chaoin go holagónach agus chuir luathreach ar a gceann. ⁴⁰ Chaith siad iad féin ar an talamh béal fúthu, agus nuair a thug na stoic an comhartha lena stocaireacht, ghlaigh siad in ard a gcinn chun Neimhe.

⁴¹ Cheap Iúdás buíon fear ansin le troid in aghaidh lucht an Dúnfoirt nó go raibh an sanctóir glanta aige. ⁴² Ansin thogh sé sagairt gan cháim le dúthracht don dlí, ⁴³ agus ghlan siad an sanctóir agus chuir siad clocha na gráiniúlachta i leataobh in áit neamhghlan.

⁴⁴ Chuaigh siad i gcomhairle faoi altóir an uileloiscthe a bhí truailithe féachaint cad a dhéanfaidís léi. ⁴⁵ Shíl siad gurbh é ab fhéarr a dhéanamh ná í a leagan ar lár d’fhonn nach beadh sí go deo ina haithis orthu mar gur thruailligh na págánaigh í. Scartáil siad an altóir dá réir sin ⁴⁶ agus chuir siad na clocha in áit chuí ar Chnoc an Teampaill nó go dtiocfadh fáidh a déarfadh cad a dhéanfaí leo. ⁴⁷ Fuair siad clocha nár gearradh ansin mar a d’ordaigh an dlí agus thóg siad altóir nua ar aon dul leis an gceann roimpi. ⁴⁸ D’atóg siad an sanctóir agus an Teampall laistigh agus choisric siad na cúirteanna. ⁴⁹ Rinne siad soithí nua naofa agus thug an coinneoir, altóir na túise agus an bord isteach sa Teampall.

⁵⁰ Dhóigh siad túis ar an altóir ansin agus las na lóchrainn ar an gcoinneoir agus thug



siadsan solas laistigh den Teampall. ⁵¹Leag siad na builíní ar an mbord, chroch siad na cruitíní, agus chomhlíon siad gach ar ghabh siad idir lámha ar an gcuma sin.

⁵²Ar an gcúigiú lá fichead den naoú mí, Cisléu is é sin, sa bhliain céad daichead a hocht, ⁵³d'éirigh siad le fáinne an lae agus d'ofráil siad íobairt, de réir an dlí, ar altóir nua na n-íobairtí dóite a bhí tógtha acu. ⁵⁴Coisricadh an altóir le canadh laoi agus le ceol na dtéad, na gcláirseach agus na gciombal i dtrátha an ama chéanna den bhliain agus i gcothrom an lae a ndearna na págánaigh í a thruailliú ar dtús. ⁵⁵Shléacht an pobal go léir go talamh ag adhradh agus ag ardmholadh Neimhe, an té a thug a leithéid de bhua dóibh. ⁵⁶Cheiliúir siad coisreacan na haltóra ar feadh ocht lá agus iad faoi lúcháir ag ofráil íobairtí dóite agus d'íobair siad íobairt fhuascailte agus bhuíochais. ⁵⁷Mhaisigh siad aghaidh an Teampaill le corónacha agus le cnapáin óir; chóirigh siad na geataí agus na stórais agus chuir doirse orthu. ⁵⁸Ní raibh teorainn le gairdeas an phobail agus scuabadh aithis na bpágánach chun siúil. ⁵⁹Rinne Iúdás, mar aon lena dheartháireacha agus le comhthionól iomlán Iosrael, dlí go ndéanfaí laethanta choisreacan na haltóra a cheiliúradh le gliondar is gairdeas an tráth ceart de gach bliain ar feadh ocht lá ag tosú ar an gcúigiú lá fichead de mhí Chisléu.

⁶⁰Um an dtaca sin thóg siad ballaí arda le túir dhaingne timpeall Chnoc Shíón d'fhonn a chosc ar na págánaigh teacht agus é a shatailt faoi chois mar a rinne siad cheana.

⁶¹Chuir [Iúdás] garastún ann chun an cnoc a chosaint agus dhaingnigh sé Béit Zúr d'fhonn go mbeadh daingean ag na daoine in aghaidh Idiúamáia.



Feachtais Iúdáis agus Shíomóin

5 Nuair a chuala na págánaigh mórthimpeall go raibh an altóir atógtha, agus go raibh an sanctóir coisricthe mar a bhí sé roimhe sin, tháinig racht feirge orthu,² agus bheartaigh siad sliocht Iacóib ar fad a bhí ag cur fúthu ina measc a scriosadh; chromadar ar mharú agus lot a dhéanamh ar an bpobal.³ Chuir Iúdás cogadh ar chlann Éasau in Idiúmaía i ndúiche Acrabataenae, mar go mbídís in eadarnaí ar Iosrael; bhris sé orthu go trom tubaisteach agus chreach iad.⁴ Chuimhnigh sé freisin ar mhailís shliocht Bhaían a bhí mar shás agus mar ghaiste don phobal lena luíocháin ar na bealaí.⁵ Rinne sé iad a thimpeallú ina ndúnta, agus chuir sé léigear orthu, agus mhóidigh iad a chur faoin mband; chuir sé a dtúir trí thine agus dhóigh iad go talamh mar aon le gach duine a bhí iontu.⁶ Ghabh sé anonn ansin in aghaidh na nAmónach mar a bhfuair sé buíon láidir agus líon mór daoine faoi cheannas Thiomóid.⁷ Chuir sé a lán cathanna orthu, bhris go tubaisteach orthu agus rinne ár agus eirleach orthu.⁸ Gabh sé Iazaer agus a bhruachbhailte; ansin d'fhill sé ar Iúdáia.

⁹ Chruinnigh na págánaigh le chéile i nGileád in aghaidh na nIosraelach a bhí ag cur fúthu ina gcríocha d'fhonn iad a scriosadh.¹⁰ Ach theith siadsan go dún Dhatama, agus sheol siad litir go Iúdás agus a dheartháireacha leis an teachtaireacht: “Tá na págánaigh inár dtimpeall cruinnithe le chéile inár n-aghaidh d'fhonn sinn a scriosadh.¹¹ Tá siad ag ullmhú le haghaidh teacht agus an dún inar theitheamar a ghabháil de ruathar; tá Tiomóid i gceannas a bhfórsaí.¹² Tar gan mhoill mar sin agus fuascail sinn as a lámha, mar tá a lán againn ar lár.¹³ Cuireadh chun báis ár mbráithre go léir a bhí ag cur fúthu i gcríocha na



dTúbach; tugadh a mná agus a leanaí i mbraighdeanas, fuadaíodh a maoin, agus díthíodh timpeall míle fear ansiúd.”

¹⁴Fad bhí an litir fós á léamh, siúd chucu teachtairí eile ón nGailíl agus a gcuid éadaigh stróicthe, agus an scéala céanna acu; ¹⁵go raibh muintir Ptolamais, na Tuíre, na Síóine, agus muintir Ghailíl na nGinte, go léir cruinnithe ina n-aghaidh “d’fhonn sinn a scriosadh”. ¹⁶Nuair a chuala Iúdás agus an pobal na teachtaireachtaí sin, tionóladh cruinniú mór chun a shocrú céard ba chóir dóibh a dhéanamh dá ndeartháireacha a bhí i gcrúachás agus a naimhde á n-ionsaí. ¹⁷Dúirt Iúdás lena dheartháir Síomón: “Bíodh do rogha de na fir agat agus téigh chun do bhráithre sa Ghailíl a shaoradh; rachaidh mise agus mo dheartháir Iónátán go Gileád.” ¹⁸D’fhág sé Iósaef, mac Zachairias, agus Azairias, ceannaire an phobail, leis an gcuid eile den arm in Iúdáia, lena chosaint ¹⁹agus thug sé an t-ordú seo dóibh: “Bíodh ceannas agaibh ar an bpobal ach ná cuirigí cath ar na págánaigh nó go bhfillimid.” ²⁰Ceapadh trí mhíle fear do Shíomón don fheachtas chun na Gailíle, agus ocht míle do Iúdás do Ghileád.

Sa Ghailíl agus i nGileád

²¹Ghluais Síomón ar aghaidh isteach sa Ghailíl agus chuir a lán cathanna ar na págánaigh, agus bhris orthu go tubaisteach; ²²chuaigh sé sa tóir orthu go geata Ptolamais, agus thit timpeall trí mhíle fear díobh agus ghabh sé a gcreach. ²³Thug sé leis [Giúdaigh] na Gailíle agus Arbata, lena gcuid ban agus leanaí agus a maoin go léir; thug siad isteach in Iúdáia iad faoi lúcháir mhór.



²⁴Ghabh Iúdás Macabaeach agus Iónátán a dheartháir thar an Iordáin agus mháirseáil siad turas trí lá tríd an bhfásach. ²⁵Bhuail siad leis na Nabataeigh; bhíodarsan síochánta leo agus d’insíodar dóibh gach ar tharla dá mbráithre i nGileád: ²⁶“Tá a lán acu,” ar siad, “teanntaithe i mBozrá agus i mBosor, in Alama, i Chasfó, i Macad, agus i gCarnaen” – cathracha móra daingne iadsan – ²⁷“agus tá a thuilleadh acu teanntaithe i mbailte eile Ghileád; tá sé beartaithe ag an namhaid na dúnta sin a ionsaí amarach, agus an mhuintir go léir iontu a scrios san aon lá amháin.”

²⁸Chas Iúdás agus a fhórsaí i leataobh ar feadh bhealach an fhásaigh go Bozrá; ghabh sé an chathair agus chuir gach mac máthar chun báis le faobhar claímh, chreach an chathair go léir agus chuir trí thine í. ²⁹D’fhág sé an áit sin i gcoim na hoíche, agus leanadar orthu ar aghaidh go dtáinig siad chomh fada le dún [Dhatama]. ³⁰Le breacadh an lae d’ardaíodar a súile agus b’shiúd mathshlua mór nárbh fhéidir a áireamh, ag cur dréimírí agus innill i bhfearas chun an dún a ghabháil; bhí ag tosú ar an ruathar. ³¹Chonaic Iúdás go raibh tús curtha leis an gcath agus go raibh gáir na cathrach á cur suas chun neimhe le macalla an stoic agus na béicíola; ³²agus dúirt sé leis na fir ina bhuíon: “Troidigí inniu ar son bhur mbráithre.” ³³Ansin roinn sé iad ina dtrí díormaí agus d’ionsaigh sé iad i leith a gcúil le stoic á séideadh agus urnaithe á gcur suas acu in ard a gcinn. ³⁴Nuair a thuig arm Thiomóid gurbh é an Macabaeach a bhí ann, theith siad roimhe agus bhris sé go trom orthu; thit timpeall ocht míle fear díobh an lá sin.

³⁵D’iompaigh sé ansin ar Alama, chuir cath air agus ghabh é; mharaigh sé gach fear ann, chreach é agus chuir trí thine é. ³⁶Chuaigh sé ar aghaidh ón áit sin agus ghabh Chasfó, Macad, Bosor agus cathracha eile Ghileád. ³⁷Tar éis na n-imeachtaí sin bhailigh



Tiomóid fórsa eile agus shuigh a longfort os comhair Rafón ar an taobh thall den ghleann. ³⁸Chuir Iúdás gasra uaidh chun taiscéalaíocht a dhéanamh ar an longfort agus thángadar ar ais le scéala chuige: “Tá págánaigh go léir na dúiche timpeall orainn cruinnithe chuige; fórsa an-tréan iad anois. ³⁹Tá amhais Arabacha mar thaca acu; tá a longfort suite acu lastall den ghleann agus tá siad réidh le cath a chur ort.” Chuaigh Iúdás ar aghaidh ina gcoinne.

⁴⁰Nuair a bhí Iúdás agus a shluaite ag druim le sileán an uisce, dúirt Tiomóid le ceannairí an fhórsa: “Má thagann seisean anall chugainne ar dtús ní féidir linn cur ina choinne, mar beidh an buntáiste aige orainn. ⁴¹Ach má bhíonn drochmhisneach air agus go suíonn sé a longfort ar an taobh eile den abhainn, rachaimidne anonn chuige agus beidh an buntáiste againne airsean.” ⁴²A luaithe a tháinig Iúdás go sileán an uisce, chóirigh sé scríobhaithe an phobail ar feadh an tsileáin is thug an t-ordú seo dóibh: “Ná ligigí d’aon duine campa a shuíomh, ach téidís go léir chun catha.” ⁴³Ansin ghabh sé féin anonn chucu ar an gcéad duine agus an pobal go léir ina dhiaidh. Briseadh ar na págánaigh go léir roimhe agus chaith siad uathu a n-airm, agus theith go tearmann naofa Charnaen. ⁴⁴Ghabh [na Giúdaigh] an chathair, agus chuir siad an tearmann naofa agus gach a raibh ann trí thine. Scríosadh Carnaen ar an gcuma sin, agus níor fhéad an namhaid an fód a sheasamh a thuilleadh in aghaidh Iúdáis.

⁴⁵Ansin chruinnigh Iúdás na hIosraelaigh go léir a bhí ag cur fúthu i nGileád, idir bheag agus mhór, agus a mná agus a leanaí agus a maoin, slua an-mhór, le dul go tír Iúdá. ⁴⁶Tháinig siad chomh fada le hEafrón; cathair mhór láidir í seo, suite i lár an bhealaigh agus í cóirithe go daingean; níorbh fhéidir dóibh gabháil thairsti ar dheis ná ar



chlé, ach gabháil cruinn díreach tríthi. ⁴⁷Chuir muintir na cathrach bac orthu dul isteach, ámh, agus dhaingnigh siad na geataí ina n-aghaidh le clocha. ⁴⁸Chuir Iúdás teachtaireacht mhuinteartha mar seo chucu: “Ligigí dúinn gabháil trí bhur gcríocha ar ár mbealach chun ar gcríoch féin; ní chuirfidh aon duine isteach oraibh, ní dhéanfaimid ach gabháil ar aghaidh de chois.” Ach ní raibh siad sásta oscailt dó. ⁴⁹Ansin d’ordaigh Iúdás a fhógairt don slua gach duine a fhanacht mar a raibh aige. ⁵⁰Chuaigh na saighdiúirí ina láithreacha catha agus bhí an chathair faoi ionsaí ag Iúdás an lá sin go léir agus an oíche go léir dár gcionn, agus tugadh an chathair ar láimh dó. ⁵¹Chuir sé gach fear inti chun báis le faobhar claímh, scartáil sé í agus chreach í agus mháirseáil tríthi thar choirp na marbh. ⁵²Ghabh siad thar an Iordáin isteach sa mhachaire mór os comhair Bhéit Seán. ⁵³Ní dheachaigh aon stad ar Iúdás ach ag gríosadh na muintire a bhí ag teip agus ag tabhairt misnigh don phobal an bealach go léir go tír Iúdá. ⁵⁴Ghabh siad Cnoc Shíón suas faoi lúcháir agus áthas, agus d’ofráil siad íobairtí uileloiscthe mar gur fhíll siad slán folláin gan duine a chailliúint.

Iaimnía, Idiúmáia, Filistía

⁵⁵Fad a bhí Iúdás agus Iónátán i nGileád agus Síomón a dheartháir sa Ghailíl os comhair Ptolamais, ⁵⁶chuala Iósaef, mac Zacairias, agus Azairias, ceannairí an airm, faoina n-éachtaí agus faoin gcogadh a d’fhear siad, ⁵⁷agus dúirt siad: “Tuillimisne ainm in airde dúinn féin chomh maith, agus téimis agus cuirimis cogadh ar na págánaigh inár dtimpeall.” ⁵⁸Thug siad orduithe do mhuintir an airm a bhí ina dteannta agus mháirseáil



siad i gcoinne Iaimnía. ⁵⁹Tháinig Goirgias agus a shluaite amach as an gcathair ina gcoinne, chun catha a chur orthu. ⁶⁰Briseadh ar Iósaef agus ar Azairias, agus cuireadh an teitheadh orthu chomh fada le teorainneacha Iúdáia. Thit timpeall dhá mhíle fear de mhuintir Iosrael an lá úd. ⁶¹Briseadh go tubaisteach ar an bpobal an lá sín mar níor thugadar aird ar Iúdás agus ar a dheartháireacha ach iad á mheas go ndéanfaidís féin gaisce. ⁶²Ní raibh iontu dúchas na bhfear úd ar cuireadh fuascailt Iosrael faoina gcúram.

⁶³Bhí an fear úd Iúdás agus a dheartháireacha faoi ardmheas in Iosrael go léir agus i measc na bpágánach, cibé áit ina raibh a gcáil le cloisteáil. ⁶⁴Bhailigh daoine chucu lena mórath. ⁶⁵Ansin ghluais Iúdás agus a dheartháireacha amach agus chuir siad cogadh ar shliocht Éasau sa dúiche ó dheas; ghabh sé Heabrón agus a bhruachbhailte de ruathar; leag sé a dhaingne agus chuir na túir a bhí ina thimpeall trí thine. ⁶⁶D'imigh sé leis ansin isteach i dtír na bhFilistíneach agus ghabh trí Mhairise. ⁶⁷Thit roinnt sagart sa chath an lá sin le teann fearaíochta mar go ndeachaigh siad chun troda le barr díth céille. ⁶⁸Chas Iúdás i leataobh go hAzótas, dúiche Filistíneach; leag sé anuas a n-altóirí, loisc sé íomhánna greanta a ndéithe, chreach a gcathracha, agus d'fhill ar thír Iúdá.

Deireadh Saoil Aintíochas

6 Idir an dá linn bhí an rí Aintíochas ar a bhealach trasna na gcúigí uachtaracha. Chuala sé go raibh cathair darbh ainm Ealumaes sa Pheirs a raibh cáil uirthi mar gheall ar a cuid saibhris, a cuid airgid agus a cuid óir, ²agus mar gheall ar an teampall sárshuibhir lena chathéidí óir, a lúireacha, agus a airm a d'fhág Alastar mac Philib rí na Macadóine



ann; eisean an chéad rí a fuair ceannas ar na Gréagaigh. ³Chuaigh sé chun na háite agus rinne iarracht an chathair a ghabháil agus a chreachadh. Ach theip air de bhrí go bhfuair lucht na cathrach amach cad a bhí ar intinn aige ⁴agus chuir siad go tréan ina aghaidh. Leis sin thiontaigh sé agus chúlaigh go brónach i dtreo na Bablóine.

⁵Le linn dó bheith fós sa Pheirs tháinig scéala chuige gur briseadh ar na hairm a rinne ionradh ar chríocha Iúdá. ⁶Chuala sé go ndeachaigh Lisias le neart slua ar dtús ach gurbh éigean dó iompú agus gur chuir [na Giúdaigh] an ruaig air; gur mhór an méadú nirt dóibh seo na hairm agus an trealamh agus an chreach líonmhar a bhain siad de na fórsaí a bhí treascartha acu. ⁷An ghráiniúlacht a thóg seisean os cionn na haltóra in Iarúsailéim, gur leag siad anuas í, agus gur thóg siad ballaí arda timpeall an tsanctóra mar a bhí roimhe sin, agus gur dhaingnigh siad Béit Zúr, cathair dá chuid. ⁸Nuair a chuala an rí an scéala sin cuireadh alltacht agus uafás as cuimse air; chaith sé é féin ar a leaba agus tháinig tinneas air le barr díomá mar ní faoi mar a bheartaigh sé a bhí críoch ar a chúrsaí. ⁹D’fhan sé ansiúd ar feadh mórán laethanta agus é ag titim go minic i ndroim dubhach trom go dtí gur tuigeadh dó go raibh an bás aige. ¹⁰Chuir sé fios ar a chairde go léir agus dúirt sé leo: “Tá mo shúile gan codladh agus mo chroí scanraithe le himní. ¹¹Bhí mé á rá liom féin cad é mar chruachás mór é seo inar thit mé agus cad é mar thuile atá ar tí mé a bhá – mise a bhí chomh fial geanúil sin i mbláth mo nirt. ¹²Ach cuimhním anois ar an éagóir a rinne mé in Iarúsailéim nuair a ghabh mé na soithí óir agus airgid go léir a bhí ann, agus a d’ordaigh mé muintir Iúdá a dhíothú gan fáth ar bith. ¹³Tá mé cinnte dearfa gurb é sin is cúis le mo mhí-ádh agus seo mé ag fáil bháis go dobrónach ar an gcoigcrích.”



¹⁴Chuir sé fios ansin ar Philib, duine dá chairde, agus chuir sé i gceannas ar a ríocht go léir é. ¹⁵Thug sé dó a choróin, a fhallaing, agus a fháinne, ar an tuiscint go múinfeadh sé a mhac Aintíochas agus é a oiliúint don ríogacht. ¹⁶Ansin fuair Aintíochas rí bás ansiúd sa bhliain céad daichead a naoi. ¹⁷Nuair a chuala Lisias go raibh an rí tar éis bháis, chuir sé a mhacsan, Aintíochas, i gcoróin i gcomharbacht air; d'oil [Lisias] eisean óna óige, agus thug sé Eopatór air.

An Dúnfort faoi Léigear

¹⁸Bhí lucht an Dúnfoirt ag bagairt ar na hIosraelaigh timpeall an tsanctóra, agus iad ag faire na faille i gcónaí chun díobháil a dhéanamh dóibh, agus iad ina dtaca láidir ag na págánaigh. ¹⁹Bheartaigh Iúdás nárbh fholáir iad a scriosadh; chruinnigh sé an pobal go léir chun léigear a chur orthu. ²⁰Tháinig siad le chéile agus chuir siad léigear ar an Dúnfort sa bhliain céad agus a caoga; agus thóg [Iúdás] seastáin diúractha agus sásanna léigir. ²¹D'éirigh le cuid acu éalú ón léigear, agus ghabh cuid de na hIosraelaigh éagraífeacha leo. ²²Bhain siad an rí amach agus dúirt siad: “An fada eile a fhanfaidh tú gan éiric agus díoltas a dhéanamh ar son ár mbráithre? ²³Bhíomar sásta seirbhís a dhéanamh do d'athair, géilleadh dá orduithe agus rud a dhéanamh ar a fhorálacha; ²⁴(agus rinne siad léigear air) dá bharrsan ní bheadh aon bhaint ag ár muintir féin linn; agus ina theanntasan chuir siad chun báis aon chuid againn arbh fhéidir leo greim a fháil orthu, agus ghabh siad seilbh ar ár maoin oidhreachta. ²⁵Ní orainne amháin a luigh siad lámh, ach ar na críocha go léir ina gcomharsanacht. ²⁶Agus, féach, inniu féin tá léigear á



chur acu ar Dhúnfort Iarúsailéim lena ghabháil, agus tá an sanctóir agus Béit Zúr daingnithe acu. ²⁷Mura gcuireann tú cosc leo gan mhoill déanfaidh siad bearta níos mó fós agus ní bheidh ar do chumas cosc a chur leo.”

Feachtas eile Síreach

²⁸Tháinig racht feirge ar an rí nuair a chuala sé é sin, agus chuir sé fios ar a chairde go léir, cinn feadhna a fhórsaí, agus ceannairí an mharcshlua. ²⁹Agus tháinig amhais chuige ó ríochtaí eile agus ó oileáin mhara. ³⁰Ba é líon a fhórsaí ná céad míle troitheach, fiche míle marcach, agus tríocha dó eilifint a raibh taithí acu ar chogaíocht. ³¹Tháinig siad ar aghaidh trí Idiúmáia agus chuir siad léigear ar Bhéit Zúr agus bhí á ionsaí ar feadh a lán laethanta; thóg siad innill léigir, ach rinne [na Giúdaigh] ruathar amach agus chuir trí thine iad agus throid siad go cróga.

³²D’imigh Iúdás ón ionsaí ar an Dúnfort agus shuigh sé a longfort ag Béit Zacairiá ar aghaidh longfort an rí. ³³D’éirigh an rí go moch ar maidin agus thug sé a fhórsaí leis ar bharr luais ar feadh an bhóthair go Béit Zacairiá; chuir siad cóiriú catha orthu féin agus sheid a stoic. ³⁴Thaispeáin siad súlach fíniúna agus maoideirge do na heilifintí á n-ullmhú chun troda. ³⁵Roinn siad na hainmhithe ar na falaing, agus chóirigh siad míle fear faoi lúireacha maille le cafair chré-umha ar a gceann le gach eilifint; roghnaíodh cúig céad marcach freisin le gabháil le gach ainmhí. ³⁶Bhaineadh a marcshlua an tosach i gcónaí den eilifint cibé áit ina mbíodh sí; cibé áit ina dtéadh sí, théidís in éineacht léi, gan scarúint léi. ³⁷In airde ar gach eilifint bhí tús daingean cumhdaithe adhmaid, i bhfearas ar gach ainmhí



le teanntaí ar leith; agus ar gach ceann acu bhí ceathrar armtha le troid ón suíomh sin, agus giolla Indiach chomh maith. ³⁸Bhí fuilleach an mharcshlua cóirithe ar dhá eite an airm chun an namhaid a chiapadh faoi dhídean na bhfalang. ³⁹Nuair a thaitin an ghrian ar na sciatha óir agus cré-umha, bhí na cnoic faoi bharr lasrach acu agus iad ag spréacharnach mar lóchrainn ar lasadh.

⁴⁰Bhí cuid d’arm an rí in eagar ar na sléibhte arda, agus a thuilleadh ar na hísleáin, agus iad ag máirseáil ar aghaidh go daingean dea-eagair. ⁴¹An mhuintir go léir a chuala geoin an tslua, trop na saighdiúirí sa siúl, agus cling na n-arm faobhair, tháinig ballchrith orthu mar ba mhór agus ba thréan é an t-arm. ⁴²Ghabh Iúdás agus a arm ar aghaidh chun an chatha a chur agus maraíodh sé chéad fear d’arm an rí. ⁴³Chonaic Eileázár, ar a dtugtaí Avaran, go raibh fearas catha ríoga ar cheann de na heilifintí, agus gur mhó í ná an chuid eile go léir, agus shíl sé go raibh an rí in airde uirthi. ⁴⁴D’íobair sé é féin d’fhonn a mhuintir a shaoradh agus cáil mharthanach a ghnóthú do féin. ⁴⁵Rinne sé ruathar isteach i lár an fhalaing d’fhonn teacht uirthi; rinne sé ár ar dheis agus ar chlé agus scaip an namhaid thall agus abhus uaidh. ⁴⁶Isteach leis faoin eilifint agus rop a chlaíomh inti agus mharaigh í; ach thit sí sa mhullach air agus fuair sé bás ar an láthair. ⁴⁷Nuair a chonaic [na Giúdaigh] neart slua an rí agus fíoch ionsaithe a fhórsaí chúlaigh siad rompu.

⁴⁸Chuaigh saighdiúirí arm an rí suas ina n-aghaidh go Iarúsailéim, agus chuir an rí léigear ar Iúdáia agus ar Shliabh Shíón. ⁴⁹Rinne sé síocháin le muintir Bhéit Zúr agus d’fhág siadsan an chathair mar nach raibh lón acu le léigear a sheasamh de bhrí gur bhliain shabóideach í ag an tír. ⁵⁰Ghabh an rí Béit Zúr agus chuir garastún ann le greim a choimeád air. ⁵¹Chuir sé léigear ar an sanctóir ar feadh mórán laethanta, thóg ardáin



dhiúractha, innill chaite tine agus cloch, agus scairpeanna le saigheada a chaitheamh, agus catafailt. ⁵²Rinne [na Giúdaigh] freisin inneall in aghaidh an innill agus lean siad leis an gcogaíocht ar feadh a lán laethanta. ⁵³Ach ní raibh aon stór bia acu, mar gurbh í an seachtú bliain í; agus iad siúd a fuair dídean in Iúdáia ó na págánaigh, bhí deireadh a soláthairtí caite acu. ⁵⁴Ní raibh ach beagán fear fágtha sa sanctóir mar go raibh an gorta ag luí go dian orthu agus gur imigh an chuid eile, gach duine chun a bhaile féin.

Saoirse Chreidimh do Ghiúdaigh

⁵⁵Ansin chuala Lisias go raibh Pilib, an té a cheap Aintíochas rí agus é fós ina bheatha, le hAintíochas a oiliúint don choróin, ⁵⁶tagtha ar ais ón bPeirs agus ón Méide leis na fórsaí a d'imigh leis an rí, agus go raibh sé ag iarraidh ceannas a fháil ar an rialtas.

⁵⁷Bheartaigh sé imeacht gan mhoill agus dúirt sé leis an rí agus le ceannairí an airm agus leis na saighdiúirí: “Táimid ag dul i laige ó lá go lá; táimid ar bheagán bia; tá an áit atá faoi ionsaí againn daingean agus tá cúraimí na ríochta ag brú orainn. ⁵⁸Sínimis deaslámh an chairdis chun na bhfear seo agus déanaimis síocháin leo féin agus lena gcine go léir.

⁵⁹Tugaimis cead dóibh a nósanna féin a chleachtadh mar a dhéanaidís cheana, mar is de bharr na ndlíthe leo a chuireamar ar ceal a tháinig fearg orthu agus a rinne siad na nithe seo go léir.”

⁶⁰Thaitin an chaint sin leis an rí agus lena cheannairí agus chuir sé tairiscint síochána chun [na nGiúdach] agus ghlac siad leis. ⁶¹Thug an rí agus a cheannairí a mionn dá bhrí sin agus ar na coinníollacha sin d'fhág na [Giúdaigh] an dún. ⁶²Ach nuair a chuaigh an rí



isteach i gCnoc Shíón agus go bhfaca sé a dhaingne a bhí an áit, bhris sé an mionn a thug sé agus d'ordaigh sé an balla mórthimpeall a leagan anuas. ⁶³ Ansin d'imigh sé leis faoi dheabhadh agus d'fhill ar Aintíoch; fuair sé Pilib ansiúd i gceannas na cathrach; chuir Aintíochas cath air agus ghabh an chathair de ruathar.

Déimitrias agus a Chairde

7 Sa bhliain céad caoga a haon, d'fhág Déimitrias mac Sheiliúcas an Róimh agus le beagán fear shroich sé cathair ar imeall na mara agus chrom ar rialú ansiúd. ² Nuair a bhí sé ag gabháil isteach i sealúchas ríoga a shinsear, ghabh an t-arm Aintíochas agus Lisias d'fhonn iad a thabhairt ina láthair. ³ Nuair a chuala sé cad a bhí déanta dúirt sé: “Coinnígí as mo radharc iad!” ⁴ Mharaigh an t-arm iad dá bhrí sin agus shuigh Déimitrias i ríchathaoir a ríochta. ⁵ Ansin tháinig na coirpigh agus na haindiagaigh go léir ó Iosrael chuige; i gceannas orthu bhí Alcamas fear ar mhian leis a bheith ina ardsagart. ⁶ Rinne siad an gearán seo leis an rí mar gheall ar an bpobal: “Mharaigh Iúdás agus a dheartháireacha do chairde go léir, agus dhíbir siad sinne as ár dtailte. ⁷ Cuir fear chucu dá bhrí sin a bhfuil muinín agat as; téadh sé agus feiceadh sé an tubaiste go léir a thug [Iúdás] orainne agus ar chríocha an rí; agus déanadh sé díoltas orthusan agus ar a lucht cúnta go léir.”

⁸ Thogh an rí Bacaídeas, duine de chairde an rí, a bhí i gceannas ar an gcúige thar an Abhainn, fear mór le rá sa ríocht a bhí dílis don rí. ⁹ Chuir sé eisean agus Alcamas na haindiagachta, a bhí ceaptha ina ardsagart aige, agus d'ordaigh dó díoltas a imirt ar chlann Iosrael. ¹⁰ D'imigh siad leo dá bhrí sin agus tháinig siad le fórsa tréan go tír Iúdá.



Agus chuir siad teachtairí go Iúdás agus a dheartháireacha le tairiscintí fealltacha síochána. ¹¹Ach níor thug siadsan aon aird ar a gcuid cainte mar go rabhadar tagtha le fórsa láidir.

¹²Chuaigh gasra scríobhaithe, ámh, faoi dhéin Alcamas agus Bhacaídeas ag lorg coinníollacha córa síochána. ¹³Ba iad na Hasadaeigh ba thúisce ar na hIosraelaigh a d'iarr coinníollacha síochána. ¹⁴Óir dúirt siad: “Tá sagart de shliocht Árón tagtha leis na fórsaí, agus ní dhéanfaidh seisean éagóir orainn.” ¹⁵Rinne sé coinníollacha síochána a phlé leo ceart go leor agus thug sé mionn á rá: “Ní dhéanfaimid aon iarracht ar dhíobháil a dhéanamh daoibhse ná do bhur gcairde.” ¹⁶Chreid siad é, ach ghabh sé trí fichid díobh agus chuir chun báis iad san aon lá amháin, ag comhlíonadh an bhriathair a scríobhadh: ¹⁷“Scaip siad feoil do chuid naomh agus dhoirt siad a gcuid fola ar fud Iarúsailéim, agus gan aon duine acu lena n-adhlacadh.” ¹⁸Tháinig scéin agus eagla ansin ar an bpobal go léir rompu. “Níl focal fírinne acu ná ceart ar bith ag roinnt leo,” ar siad, “bhris siad a gconradh agus an mionn a thug siad.”

¹⁹D’fhág Bacaídeas Iarúsailéim ansin agus shuigh sé a longfort i mBéit Zaet. Ansin chuir sé tóir ar a lán den mhuintir a thréig é agus ghabh iadsan agus cuid den phobal, agus mharaigh iad agus chaith isteach sa pholl mór iad. ²⁰Ansin chuir sé Alcamas i gceannas ar an gcúige agus d’fhág sé an t-arm mar theannta aige. D’fhill Bacaídeas féin ar ais ar an rí. ²¹Lean Alcamas lena iarracht go ndéanfaí ardsagart de féin. ²²Agus na daoine go léir a bhí ag cur as dá muintir, chruinnigh siad chuige, agus gabh siad seilbh ar thír Iúdá agus rinne siad dochar mór in Iosrael. ²³Chonaic Iúdás an díobháil go léir a rinne Alcamas agus a lucht leanúna i measc chlann Iosrael, thar mar a rinne na págánaigh



féin. ²⁴Ghabh [Iúdás] amach dá bhrí sin ar fud críocha Iúdáia go léir máguaird agus d’imir sé díoltas ar an muintir go léir a thréig é agus coisceadh orthu gabháil [ón gcathair] amach faoin tuath. ²⁵Nuair a chonaic Alcamas conas mar a bhí slua Iúdáis dulta i neart, thuig sé nach bhféadfadh sé an fód a sheasamh ina gcoinne, d’fhill sé ar ais ar an rí agus chuir sé coireanna ina leith.

Tagann Niocánór

²⁶Ansin chuir an rí uaidh Niocánór, duine dá cheannasaithe ainmniúla, a raibh an ghráin dearg aige ar Iosrael, agus d’ordaigh sé dó an pobal a scriosadh. ²⁷Tháinig Niocánór go Iarúsailéim le fórsa tréan agus le barr fill chuir sé teachtaireacht síochána go Iúdás agus go dtí a dheartháireacha á rá: ²⁸“Ná bíodh aon chogaíocht idir mise agus tusa; tiocfaidh mise le beagán slua, le go bhféachfaimis san aghaidh ar a chéile go cairdiúil.”

²⁹Agus tháinig sé go Iúdás, agus bheannaíodar dá chéile go síochánta, ach go raibh an namhaid ullamh le Iúdás a ghabháil. ³⁰Tuigeadh do Iúdás gur le feall ar intinn aige a tháinig sé chuige; tháinig eagla air agus dhiúltaigh sé bualadh leis arís. ³¹Nuair a fuair Niocánór amach go raibh a rún faighte amach, chuir sé cath ar Iúdás ag Cafarsalama.

³²Thit timpeall cúig céad fear d’arm Niocánór agus theith [an chuid eile] go cathair Dháiví.

³³Tar éis na n-imeachtaí sin ghabh Niocánór suas go Sliabh Shíón. Tháinig cuid de na sagairt amach as an sanctóir agus cuid de na seanóirí ina dteannta, le beannú dó go cairdiúil agus leis an íobairt uileloiscthe a bhí á hofráil don rí a thaispeáint dó. ³⁴Ach rinne



sé fonóid agus magadh fúthu, thruailligh iad agus labhair go dásachtach leo; ³⁵ agus thug sé an mionn seo le barr feirge: “Mura ndéantar Iúdás agus a arm a thabhairt ar láimh dom an uair seo, ansin má fhillim slán cuirfidh mé an teach seo trí thine.” Agus d’imigh sé leis agus fraoch feirge air. ³⁶ Chuaigh na sagairt isteach ansin agus sheasadar os comhair na haltóra agus an Teampaill agus na deora leo agus dúirt siad: ³⁷ “Rinne tú an teach seo a thoghadh le d’ainm a thabhairt air le bheith mar theach urnaí agus impí ag do phobal. ³⁸ Imir díoltas ar an bhfear seo agus ar a arm, agus titidís le faobhar claímh; cuimhnigh ar a ndiamhaslaí agus ná tabhair suaimhneas dóibh.”

Bua ar Niocánór an Díomais

³⁹ Ghabh Niocánór amach ó Iarúsailéim agus shuigh sé a longfort i mBéit Horón agus d’aontaigh arm na Síre leis ansiúd. ⁴⁰ Shuigh Iúdás a longfort in Adasa le trí mhíle fear. Ansin chuir Iúdás guí suas agus dúirt: ⁴¹ “Nuair a rinne teachtairí rí [na hAsaíre] diamhasla, threascair d’aingeal cúig mhíle agus ceithre fichid díobh. ⁴² Déan an t-arm seo a scriosadh os ár gcomhair inniu; bíodh a fhios ag an gcuid eile gur chaith sé siúd masla le do shanctóir agus tabhair breith air de réir na coirpeachta seo.” ⁴³ Chuir na fórsaí cath ar a chéile, dá bhrí sin, ar an tríú lá déag de mhí Adár. Briseadh ar arm Niocánór agus ba é féin ba thúisce a thit sa chath. ⁴⁴ Nuair a chonaic a shluaite Niocánór ar lár, chaith siad uathu a gcuid airm agus theith siad. ⁴⁵ Chuir [na Giúdaigh] aistear lae de thóir orthu, ó Adasa go Gazara, agus fad bhíodar sa tóir orthu, lean siad orthu ag cur a ngáir chatha suas le séideadh na stoc. ⁴⁶ Tháinig [fir] amach as bailte Iúdáia go léir máguaird, agus



sháraigh siad [an namhaid] agus thiomáin siad siar ar an tóir iad i dtreo gur thiteadar go léir le faobhar claímh agus nár fágadh fear inste scéil. ⁴⁷ Ansin ghabh [na Giúdaigh] an chreach agus an éadáil; theasc siad an ceann de Niocánór, agus an deaslámh a shín sé amach go dásachtach; thóg siad iadsan leo agus chuir siad ar taispeáint iad lámh le Iarúsailéim. ⁴⁸ Bhí áthas an domhain ar an bpobal agus cheiliúradar an lá sin mar lá mór lúcháire. ⁴⁹ Chinneadar go ndéanfaí an lá sin a chomóradh ar an tríú lá déag de Adár gach bliain, ⁵⁰ agus bhí tír Iúdá faoi shíocháin ar feadh tamaill bhig.

Moladh ar na Rómhánaigh

8 Chuala Iúdás dea-cháil na Rómhánach, go rabhadar an-láidir agus go raibh dea-thoil acu do gach duine a rinne conradh leo, agus gur mhian leo cairdeas a dhéanamh le gach duine a thiocthadh faoina ndéin (agus go rabhadar an-láidir). ² D’inis daoine dó faoina gcogaí, faoi na héachtaí a bhí á ndéanamh acu i measc na nGailleach, conas mar a chloígh siad iad agus a chuir siad faoi cháin iad; ³ faoina raibh déanta acu i dtír na Spáinne le seilbh a fháil ar na mianaigh airgid agus óir ansiúd; ⁴ conas mar a fuair siad smacht ar an dúiche go léir le neart pleanála agus foighne, d’ainneoin a fhad ó bhaile uathu; conas mar a tháinig ríthe ó imill na cruinne le hiad a ionsaí, agus gur cheansaigh agus gur chloígh siad iad agus gur bhris orthu go tubaisteach, agus conas mar a bhí an chuid eile ag díol cánach leo gach bliain. ⁵ Pilib agus Peirséas, rí na gCitím, agus daoine eile a d’éirigh amach ina gcoinne, bhris siad orthu ar pháirc an chatha agus chuir faoi chois iad. ⁶ Chloígh siad freisin Aintíochas Mór, rí na hÁise, a chuir cath orthu le céad agus a fiche



eilifint, le marcshlua agus le harm an-láidir; bhasc siad é. ⁷Ghabh siad ina bheatha é, agus d'ordaigh go ndéanfadh sé féin agus a chomharbaí cáin throm a dhíol, gialla a thabhairt, ⁸agus cuid de thogha a gcúigí, an Ind, an Mhéide agus Lidia a ghéilleadh dóibh. Thóg siad uaidh iad agus thug iad don rí Eomanaes. ⁹Insíodh dó conas mar a bheartaigh na Gréagaigh dul ina gcoinne agus iad a scriosadh, ¹⁰ach go bhfuair [na Rómhánaigh] gaoth an fhocail, agus gur chuir siad aon cheannasaí amháin ina gcoinne agus chuir cogadh orthu; go ndearna siad ár agus eirleach orthu agus gur ghabh siad a mná agus a leanaí ina mbránna, gur chreach siad a maoin, gur chuir a dtír faoi chois, gur leag a ndaingin ar lár, agus gur chuir faoi chuing na daoirse iad go dtí an lá inniu féin. ¹¹Na ríochtaí agus na hoileáin eile, aon chuid díobh a chuir riamh ina gcoinne, rinne siad iad a scrios agus a chur faoi dhaoirse. ¹²Ach maidir lena gcairde agus leis an muintir a bhíonn ag brath orthu, mhair siad i gcónaí cairdiúil leo. Chuir siad ríthe i gcéin agus i gcóngar faoi smacht agus chuir siad scéin ar gach ar chuala a dtásc. ¹³An dream ar mian leo cabhrú leo agus go suífidís i ríchathaoir, suíonn siad inti; an dream is mian leo a dhíbirt aisti, díbrítear iad. Tá an cheannasaíocht acu go daingean. ¹⁴Dá ainneoin sin go léir, níor chuir aon duine díobh coróin ar a cheann ná fallaing chorcra uime le barr éirí in airde. ¹⁵Ach bhunaigh siad seanad dóibh féin, agus gach lá bíonn trí chéad agus a fiche seanadóirí ag plé conas is fearr a dhéanfaidís an pobal a riaradh. ¹⁶Cuireann siad an rialtas i muinín aon duine amháin ar feadh bliana sa turas, agus bíonn rialú na tíre go léir faoina chúram; géilleann siad go léir don aon duine amháin agus níl éad ná formad ina measc.



Conradh leis na Rómhánaigh

¹⁷Thogh Iúdás Eapolamos mac Eoin, mac Acós, agus Iasón mac Eileázár, agus chuir don Róimh iad le cairdeas agus conradh a dhéanamh, ¹⁸agus iad féin a scaoileadh ó chuing na daoirse, mar go bhfaca siad go raibh ríocht na nGréagach ag leagan cuing na daoirse go trom ar Iosrael. ¹⁹Rinne na toscarí an t-aistear an-fhada go dtí an Róimh, chuaigh isteach i láthair an tseanaid agus labhair mar leanas: ²⁰“Chuir Iúdás Macabaech agus a dheartháireacha agus an pobal Giúdach sinn chugaibh le conradh agus síocháin a dhéanamh libh agus le go nglacfaí linn ar liosta bhur gcomhghuaillithe agus bhur gcairde.” ²¹D’fháiltigh siadsan roimh an moladh, ²²agus seo cóip den litir a greanadh ar tháblaí cré-umha mar fhreagra, agus a seoladh ar ais go Iarúsailéim le coimeád ag na Giúdaigh mar chuimhneachán ar an tsíth agus ar an gconradh.

²³“Go raibh an rath ar na Rómhánaigh agus ar an gcine Giúdach ar muir agus ar tír go brách, agus i bhfad uathu claíomh agus namhaid. ²⁴Má chuirtear cogadh ar dtús ar an Róimh nó ar aon cheann dá comhghuaillithe ar fud na himpireachta ar fad, ²⁵troidfidh an cine Giúdach lena gcroídhícheall leo de réir mar a éileoidh an cás orthu. ²⁶Ní thabharfaidh siad ná ní sholáthróidh siad grán ná airm ná airgead ná loingeas don namhaid a bhíonn ag fearadh cogaidh; sin mar a chinn an Róimh, agus ní foláir dóibh a ndualgais a chomhlíonadh gan aon ní dá mbarr. ²⁷Ar an gcuma chéanna, má chuirtear cogadh ar dtús ar an gcine Giúdach, troidfidh na Rómhánaigh gualainn leo le fonn, de réir mar a éileoidh an cás orthu. ²⁸Ní thabharfar grán ná airm ná airgead ná loingeas do na comhghuaillithe namhadmhara; sin mar a chinn an Róimh, agus ní foláir dóibh a ndualgais a chomhlíonadh



gan aon ní dá mbarr. ²⁹Ar na coinníollacha sin rinne na Rómhánaigh conradh mar sin leis an bpobal Giúdach. ³⁰Tar éis na coinníollacha sin a theacht i bhfeidhm, má bheartaíonn an dá thaobh ar bhreis a chur leo, nó baint uathu, beidh an cead sin acu, agus beidh an bhreis nó an laghdú bailí.

³¹“Agus maidir leis na héagóracha atá á n-imirt ag an rí Déimitrias orthu, scríobhamar chuige mar leanas: ‘Cén fáth ar leag tú cuing chomh trom ar ár gcairde agus ar ár gcomhghuaillithe na Giúdaigh? ³²Má iarrann siad cabhair arís i do choinne, déanfaimid a gcearta a chosaint agus cogadh a chur ort ar muir agus ar tír.’”

Cath Bheireá agus Bás Iúdáis

9Nuair a chuala Déimitrias gur thit Niocánór agus a arm sa chath, chuir sé Bacaídéas agus Alcamas an dara huair go Iúdá agus eite dheas an airm mar aon leo. ²Ghabh siad an bóthar [chun na Gailíle] agus chuir siad léigear ar Maesalót in Arbaelá, agus ghabh é agus mharaigh a lán. ³Sa chéad mhí den dara bliain ar chaoga ar chéad, shuigh siad a longfort os comhair Iarúsailéim. ⁴Ansin chuir siad chun bóthair agus chuaigh go Beireá le fiche míle troitheach agus dhá mhíle marcach.

⁵Bhí a champa suite ag Iúdás in Ealasa agus trí mhíle de thogha na bhfear in éineacht leis. ⁶Nuair a chonaic siad sluaite líonmhara an namhad, tháinig scéin orthu agus d'éalaih mórán acu ón gcampa i dtreo nár fágadh ach ocht gcéad díobh. ⁷Nuair a chonaic Iúdás gur shleamhaigh a arm ar shiúl uaidh, agus go raibh cath á bhagairt air, thit an lug ar an lag aige, mar ní raibh sé d'uain aige iad a thionól. ⁸Ach cé go raibh



suaithéadh air, dúirt sé leis an muintir a bhí fágtha: “Ar aghaidh linn agus tugaimis faoinár naimhde. B’fhéidir go bhféadfaimis cath a chur orthu.”⁹ Ach rinne siadsan iarracht ar a mhalairt a áiteamh air, á rá: “Ní fhéadfaimis é, ach teithimis lenár n-anam an turas seo, agus tiocfaimid ar ais lenár ndeartháireacha agus cuirfimid cath orthu; níl ach an beagán dínn ann.”¹⁰ Ach dúirt Iúdás: “I bhfad uainn a leithéid a dhéanamh, teitheadh uathu. Má tháinig ár n-uain, faighimis bás go cróga ar son ár ndeartháireacha, gan smál a fhágáil ar ár gclú.”

¹¹ Ansin mháirseáil arm [Bhacaídeas] amach ón longfort agus chóirigh iad féin don chath. Rinneadh dhá dhíorma den mharcshlua, ghluais an lucht diúractha agus na saigheadoirí ar aghaidh roimh an arm, agus na curaidh ghroí go léir chomh maith; ¹² bhí Bacaídeas ar an eite dheas. Ghabh an falang ar aghaidh idir an dá dhíorma le séideadh na stoc. Shéid muintir Iúdáis na stoic chomh maith. ¹³ Chrith an talamh faoi thormán na n-arm agus bhí an cath á chur ó mhaidin go tráthnóna.

¹⁴ Chonaic Iúdás go raibh Bacaídeas agus neart a fhórsaí ar dheis, agus chruinnigh na laochra gaile go léir chuige; ¹⁵ bhris siad ar an eite dheas agus chuir siad an teitheadh orthu go Sliabh Azótas. ¹⁶ Nuair a chonaic an mhuintir ar an eite chlé go raibh briste ar an eite dheas, d’iompaign siad agus lean go dlúth ar a sála ar Iúdás agus ar a chuid fear.

¹⁷ Ghéaraigh go dásachtach ar an gcath agus goineadh agus treascradh a lán ar gach taobh. ¹⁸ Thit Iúdás féin agus theith an chuid eile.

¹⁹ Thóg Iónátán agus Síomón a ndeartháir leo ansin agus rinne siad é a adhlacadh i dtuama a sinsear i Móidín, ²⁰ agus chaoin siad é. Agus rinne Iosrael go léir é a chaoineadh go dubhach; mhair an caoineadh mórán laethanta, agus deiridís: ²¹ “Cad é mar a thit an



gaiscíoch, an té a d'fhuascail Iosrael!" ²² An chuid eile de bhearta Iúdáis, a chogaí agus na gníomhartha gaisce a rinne sé, agus a thábhacht, níl siad scríofa, mar ba líonmhar iad.

Iónátán

Ceannaire agus Ardsagart

²³ Nuair a bhí Iúdás cloíte, tháinig na coirpigh amach as a gcróite folaigh ar fud chríocha Iosrael agus tháinig lucht an oile ar an bhfód. ²⁴ Sa tréimhse sin tharla gorta an-mhór agus thaobhaigh an tír go léir leo. ²⁵ Thogh Bacaídeas an dream aindiagaithe agus cheap iad i gceannas na tíre. ²⁶ Rinne siadsan tóir agus cuardach ar chairde Iúdáis, agus thug siad go Bacaídeas iad agus d'imir sé díoltas orthu agus rinne fonóid fúthu.

²⁷ Tharla leatrom géar dá bhrí sin in Iarúsailéim, nach raibh a leithéid ann ó bhí deireadh ag fáidh a bheith ar fáil ina measc.

²⁸ Chruinnigh cairde Iúdáis le chéile ansin agus dúradar le Iónátán: ²⁹ “Ó fuair do dheartháir Iúdás bás, níl aon duine beo mar é le cur in aghaidh ár naimhde agus Bhacaídeas, agus le déileáil le lucht ár bhfuatha ar ár gcine féin. ³⁰ Thoghamar dá réir sin thusa inniu, más ea, le bheith mar cheannasaí agus mar threoraí lenár gcogadh a fhearadh.” ³¹ Ghlac Iónátán leis an gceannasaíocht ar an ócáid sin agus thóg sé áit Iúdáis, a dheartháir.



I dTeacóa agus i Maedabá

³²Fuair Bacaídéas é sin amach agus rinne sé iarracht ar é a mharú. ³³Ach chuala Iónátán agus Síomón agus a lucht tacaíochta go léir faoi agus theith siad go fásach Theacóa agus shuíodar a longfort ag uisce Shistéal Asfar. ³⁴(Fuair Bacaídéas é sin amach ar an tsabóid agus ghabh sé féin agus a arm go léir thar Iordáin anonn.) ³⁵Sheol [Iónátán] a dheartháir, a bhí i gceannas an tslua, lena impí ar na Nabataeigh, a chairde, cead a thabhairt dóibh a mbagáiste raidhsiúil a chur i dtaisce ina measc. ³⁶Ach tháinig clann Iabraí ó Mhaedabá amach agus ghabh siad Eoin agus a raibh aige, agus rug leo iad. ³⁷Tar éis na nithe sin a thitim amach insíodh do Iónátán agus do Shíomón a dheartháir go raibh clann Iabraí ag ceiliúradh bainise móire agus ag tionlacan na brídeoige, iníon duine d'uaisle móra Chanán, ó Nadabat le cóisir mhór. ³⁸Chuimhníodar ar fhuil Eoin a ndeartháir agus ghabhadar suas agus chuadar i bhfolach faoi scáth an tsléibhe. ³⁹Ag faire dóibh ansiúd, b'shiúd ag gabháil an treo slua mór lena lán bagáiste; tháinig an céile fir amach faoina ndéin, lena chairde agus lena ghaolta, le bodhráin agus banna ceoil agus a lán arm. ⁴⁰Ansin rinne siad ruathar ina n-aghaidh óna luíochán agus rinne ár orthu agus thit a lán acu, agus theith an chuid eile chun an chnoic, agus gabhadh a maoin go léir. ⁴¹Rinneadh caoineadh dá bhrí sin de bhainis agus olagón de ghlór na gceoltóirí. ⁴²Rinne siad fuil a ndearthár a dhíolt go hiomlán agus d'fhill siad ar bhogach na Iordáine. ⁴³Nuair a fuair Bacaídéas é sin amach, tháinig sé ar an tsabóid le fórsa láidir go bruacha géara na Iordáine. ⁴⁴Agus dúirt Iónátán leo siúd a bhí in éineacht leis: “Ar aghaidh linn agus troidimis lenár n-anam, mar ní ionann an scéal inniu agus roimhe seo.



⁴⁵Féach, tá an cath romhainn agus inár ndiaidh; tá uisce na Iordáine ar an taobh seo, an bogach agus an mothar ar an taobh siúd, níl bealach cúlaithe againn. ⁴⁶Cuirigí gaoch chun Neimhe anois go bhfuasclófar sibh ó lámha ár naimhde.” ⁴⁷Cuireadh tús leis an gcath; shín Iónátán a lámh le buille a bhualadh ar Bhacaídeas, ach dhruid seisean i leataobh uaidh agus chuaigh ar chúl an tslua. ⁴⁸Ansin léim Iónátán agus a lucht leanúna isteach sa Iordáin agus shnámh siad go dtí an taobh thall. Níor ghabh an namhaid thar Iordáin lena n-ionsaí. ⁴⁹Thit timpeall míle de lucht leanúna Bhacaídeas an lá úd.

Daingin á dTógáil

⁵⁰D’fhill Bacaídeas ar Iarúsailéim ansin agus thóg cathracha daingne in Iúdáia le ballaí arda agus geataí agus barraí: an daingean in Ireachó, agus Amáus, agus Béit Horón, agus Béitéil, agus Timneá, agus Faratón, agus Teafón, ⁵¹agus chuir sé garastúin iontu le hIosrael a chiapadh. ⁵²Dhaingnigh sé freisin Béit Zúr agus Gazara, agus an Dúnfort, agus chuir sé saighdiúirí agus soláthairtí bia iontu. ⁵³Ghabh sé clann mhac ceannairí na tíre ina ngialla agus chuir faoi gharda iad sa Dúnfort in Iarúsailéim.

⁵⁴Sa bhliain céad caoga a trí, sa dara mí, thug Alcamas ordú balla chúirt inmheánach an tsanctóra a leagan agus saothar na bhfáithe a scriosadh. Ní raibh ach tús curtha aige leis an scrios ⁵⁵nuair a bhuail taom Alcamas agus cuireadh stop lena shaothar. Fuair sé poc sa bhéal agus d’fhág an phairilis balbh ar fad é i dtreo nach bhféadfadh sé labhairt ar aon chor ná treoracha a thabhairt i dtaobh a theaghligh. ⁵⁶Fuair Alcamas bás ansin agus é i bpian mhór. ⁵⁷Nuair a chonaic Bacaídeas go raibh Alcamas tar éis bháis, d’fhill sé ar ais go dtí an rí agus bhí síocháin ag tír Iúdá ar feadh dhá bhliain.



Léigear Bhéit Baise

⁵⁸ Ansin rinne na coirpigh go léir comhcheilg agus dúirt: “Féach! Tá Iónátán agus a lucht tacaíochta ag maireachtáil go síochánta gan inní. Tugaimis Bacaídeas ar ais mar sin agus gabhfaidh sé iad go léir san aon oíche amháin.” ⁵⁹ Agus chuadar chuige agus chinn siad comhairle leis. ⁶⁰ Chuir seisean chun bealaigh le fórsa tréan agus chuir sé litreacha faoi rún go dtí a chomhghuaillithe go léir in Iúdáia á rá leo Iónátán agus a lucht tacaíochta a ghabháil. Ach níor éirigh leo mar fuarthas amach cad a bhí ar intinn acu.

⁶¹ Ghabh [Iónátán agus a lucht tacaíochta] timpeall leathchéad de mhuintir na tuaithe a bhí i gceannas an fhíll agus chuir siad chun báis iad.

⁶² Ansin chúlaigh Iónátán agus Síomón agus a lucht leanúna go Béit Baise san fhásach; d’atóg sé a raibh scriosta de agus dhaingnigh é. ⁶³ Fuair Bacaídeas scéala faoi seo agus chruinnigh sé a shluaite go léir agus chuir treoracha chun a mhuintir in Iúdáia. ⁶⁴ Tháinig sé ansin agus chuir léigear ar Bhéit Baise; bhí sé á ionsaí ar feadh a lán laethanta agus thóg sé innill chogaidh. ⁶⁵ Ach d’fhág Iónátán a dheartháir Síomón sa chathair, agus d’imigh sé féin amach faoin tuath, agus gan ach beagán fear in éineacht leis. ⁶⁶ Rinne sé fogha faoi Odomaera agus a bhráithre, agus faoi chlann mhac Fasarón, ina mbothanna, agus chromadarsan freisin ar [an namhaid a] ionsaí agus aontú lena fhórsaí. ⁶⁷ Rinne Síomón agus a chuid fear ruathar ón gcathair agus chuir siad na hinnill trí thine. ⁶⁸ Chuir siad cath ansin ar Bhacaídeas agus bhris siad air. Rinne siad é a bhuaireanh go mór mar go raibh a phlean agus a fheachtas curtha amú. ⁶⁹ Tháinig racht feirge air leis na coirpigh a chomhairligh dó dul isteach sa tír, agus mharaigh sé a lán díobh agus bheartaigh sé ansin



imeacht go dtí a thír féin.⁷⁰ Fuair Iónátán é sin amach agus chuir sé teachtaí chuige le síocháin a dhéanamh leis agus go dtabharfadh sé na cimí ar ais.⁷¹ D'aontaigh sé leis sin agus rinne beart de réir a bhriathair, agus thug a mhionn dó nach ndéanfadh sé iarracht ar dhíobháil a dhéanamh dó i gcaitheamh a shaoil go léir.⁷² Thug sé ar ais dó na cimí a thug sé leis an turas roimhe sin ó thír Iúdá; ansin d'fhill sé agus d'imigh leis chun a thíre féin, agus níor tháinig go deo arís isteach ina gcríocha.⁷³ Ní raibh an claíomh ag bagairt ar Iosrael a thuilleadh, agus chuir Iónátán faoi i Machmais mar ar chrom sé ar bhreith a thabhairt ar an bpobal agus scrios sé na héagraífigh ó Iosrael.

Ceapann Alastar Iúdás ina Ardsagart

10 Sa bhliain céad agus a seasca tháinig Alastar Eipifanaes, mac Aintíochas, i dtír agus ghabh seilbh ar Ptolamais. Cuireadh fáilte roimhe agus chuaigh sé i mbun rialaithe.² Nuair a chuala Déimitrias rí é sin, chruinnigh sé slua mór agus mháirseáil amach chun catha ina choinne.³ Ansin chur Déimitrias litir shíochánta go Iónátán ag caitheamh onóra leis.⁴ “Mar,” ar sé, “b’fhearr dúinn an tosach a bheith againn agus síocháin a dhéanamh leis sula ndéanfaidh sé síocháin le hAlastar inár n-aghaidh.⁵ Óir cuimhneoidh seisean ar na héagóracha go léir a rinneamar ina choinne agus i gcoinne a bhráithre agus i gcoinne an chine.”⁶ Thug [Déimitrias] údarás dó dá bhrí sin fórsaí a chruinniú, airm a sholáthar, agus bheith mar chomhghuaillí aige; agus d’ordaigh sé na gialla sa Dúnfort a scaoileadh saor chuige.

⁷ Chuaigh Iónátán go dtí Iarúsailéim agus léigh sé an litir i gcomhchlos an phobail ar fad agus na muintire sa Dúnfort.⁸ Tháinig scéin an domhain orthu nuair a chuala siad gur



thug an rí údarás dó fórsaí a thionól. ⁹ Agus thug lucht an Dúnfoirt na gialla suas do Iónátán agus thug sé ar ais dá dtuismitheoirí iad.

¹⁰ Chuir Iónátán faoi in Iarúsailéim ansin agus chrom sé ar an gcathair a atógáil agus a athnuachan. ¹¹ Thug sé ordú dóibh siúd a bhí i mbun na hoibre na ballaí agus an chóir chosanta timpeall Shliabh Shíón a thógáil de chlocha gearrtha go cearnógach le go mba dhaingnide a bheidís; agus rinneadar amhlaidh. ¹² Ansin theith na heachtrannaigh a bhí sna daingin a thóg Bacaídéas. ¹³ D’fhág gach duine a láthair féin agus d’imigh chun a thíre féin. ¹⁴ Níor fhan aon duine ach beagán díobh siúd a thréig an dlí agus na haitheanta agus a d’fhan i mBéit Zúr mar gur thearmann é.

¹⁵ Chuala Alastar rí faoi na gealltanais go léir a thug Déimitrias do Iónátán agus d’inis daoine dó faoi na cathanna go léir a d’fhear Iónátán agus a dheartháireacha agus faoi na gníomhartha gaisce a rinne siad agus na deacrachtaí a d’fhulaing siad. ¹⁶ “An bhfaighimid a leithéid go deo arís? Anois más ea, déanaimis ár gcara agus ár gcomhghuaillí de!”

¹⁷ Scríobh sé litir chuige dá bhrí sin agus sheol chuige í le teachtaireacht mar seo:

¹⁸ “Alastar rí dá bhráthair Iónátán, beatha agus sláinte! ¹⁹ Chualamar gur gaiscíoch tréan thú agus gur fiú thú a bheith mar chara againn. ²⁰ Cheapamar dá réir sin inniu thú le bheith i do ardsagart ag do mhuintir, agus go dtabharfaí cara an rí ort” – agus chuir sé fallaing chorcra agus coróin órga chuige freisin – “agus go mbeadh lé agat linn agus go mbeadh cairdeas eadrainn.”

²¹ Chuir Iónátán na héidí naofa air sa seachtú mí den bhliain céad agus a caoga, i bhféile na dTaibearnacal, agus chruinnigh sé fórsaí agus sholáthraigh sé raidhse arm.



Litir ó Dhéimitrias go Iónátán

²²Nuair a chuala Déimitrias faoin méid sin, bhí brón air agus dúirt: ²³“Cad tá déanta againn a rá is go bhfuil buntáiste faighte ag Alastar orainn ag déanamh cairdis leis na Giúdaigh mar thacaíocht leis féin?” ²⁴Cuirfidh mise freisin teachtaireacht misnigh chucu ag geallúint onóra agus duaiseanna lena mealladh chun cabhrú liom.” ²⁵Agus chuir sé scéala chucu mar leanas: “Déimitrias rí go dtí an cine Giúdach, beatha agus sláinte! ²⁶Chualamar conas mar a choimeád sibh bhur gconarthaí linne agus a d’fhan sibh dílis do bhur gcairdeas linne gan taobhú lenár naimhde agus ba mhór an sásamh dúinn sin. ²⁷Anois, más ea, leanaigí oraibh le bhur ndílseacht dúinn, agus déanfaimid cúiteamh fial libh ar son gach a ndéanfaidh sibh ar ár son. ²⁸Tabharfaimid a lán pribhléidí daoibh agus bronnfaimid a lán duaiseanna oraibh. ²⁹Déanaim sibhse anois a shaoradh agus na Giúdaigh go léir a fhuascailt ó gach cíos, ó cháin an tsalainn agus ó cháin na corónach. ³⁰Agus cé go bhfuil trian d’fhómhar an arbhair agus leath d’fhómhar na gcrann dlite dom, in áit í a thobhach, scaoilim saor ón gcáin sin, ó inniu agus as seo amach, tír Iúdá agus na trí dúichí a cuireadh leis ón tSamáir agus ón nGailíl, ó inniu agus go brách. ³¹Bíodh Iarúsailéim agus a chomharsanacht, a dheachúna agus a dhleachta naofa, saor ó cháin. ³²Bogaim freisin mo ghreim ar an Dúnfort in Iarúsailéim agus tugaim i lámha an ardsagairt é le go gcuirfeadh sé a rogha féin de gharastún ann lena chosaint. ³³Agus gach Giúdach beo a tugadh mar chime ó thír Iúdá go dtí aon áit i mo ríocht, scaoilim saor in aisce iad, agus maitheadh [na feidhmeannaigh] go léir na cánacha do chách, fiú ar a n-eallach. ³⁴Na féilte go léir, na sabóidí, na réanna nua agus na sollúnacha ar leith, an trí lá roimh fhéile, agus



an trí lá ina diaidh, bídís-sean go léir ina laethanta fuascailte agus maithiúnais do na Giúdaigh go léir i mo ríocht. ³⁵Ní bheidh sé de cheart ag aon duine aon éileamh a dhéanamh orthu ná cur isteach orthu ar aon slí. ³⁶Liostáiltear Giúdaigh, suas le tríocha míle fear díobh, in arm an rí agus bíodh liúntais ar fáil dóibh ar aon dul leis an gcuid eile d'fhórsaí an rí. ³⁷Cuirtear cuid acu i ndaingin mhóra an rí, agus ceaptar a thuilleadh díobh i bpoist mhuiníne sa ríocht. Ceaptar oifigigh agus ceannairí dá gcuid féin orthu agus mairidís de réir a ndlíthe féin, faoi mar a d'ordaigh an rí i dtír Iúdá. ³⁸Maidir leis na trí réigiúin a cuireadh le Iúdáia ó thír na Samáire, cuirtear le Iúdáia iad ar shlí go n-áireofar faoin aon rialtóir amháin iad, gan géillsine á tabhairt acu d'aon údarás ach don ardsagart. ³⁹Thug mé Ptolamais agus a chomharsanacht mar bhronntanas don sanctóir in Iarúsailéim le díol as na costais riachtanacha a ghabhann leis an sanctóir. ⁴⁰Déanaim féin freisin bronntanas de chúig mhíle déag seicil airgid in aghaidh na bliana ó chiste an rí, le teacht ó na foinsí cuí. ⁴¹An fearasbarr go léir nach bhfuil íoctha fós ag na feidhmeannaigh mar a rinneadh blianta eile, tabharfaidh siad as seo amach é ar son oibreacha an Teampaill. ⁴²Mar bhreis air sin, an cúig mhíle seicil airgid a dhéantaí a thobhach ar theacht isteach sheirbhísí an tsanctóra le haghaidh na bliana, tá sé á mhaitheamh mar go mbaineann sé leis na sagairt a cheiliúrann an liotúirge. ⁴³Aon duine a lorgann dídean sa Teampall in Iarúsailéim, nó laistigh dá thearmainn, toisc go bhfuil sé i bhfiacha leis an rí nó a mhalairt, scaoiltear saor é agus faigheadh sé ar ais a mhaoin go léir i mo ríochtsa. ⁴⁴Maidir le tógáil agus athnuachan foirgnimh an tsanctóra, bíodh na costais go léir ar chiste an rí. ⁴⁵Bíodh chomh maith atógáil ballaí Iarúsailéim, agus an chóir chosanta ina thimpeall, mar chostas ar chiste an rí agus atógáil ballaí cathracha Iúdáia freisin.”



Diúl tú

⁴⁶Nuair a chuala Iónátán agus an pobal na focail sin níor ghéilleadar dóibh ach iad a scaoileadh thar a gcluasa, mar ba cuimhin leo an díobháil mhór a rinne [Déimitrias] in Iosrael agus conas mar a rinne sé leatrom cruálach orthu. ⁴⁷Thaobhaíodar le hAlastar mar gurbh é ba thúisce a labhair briathra síochánta leo agus bhíodar ina gcomhghuailithe aige ar feadh a shaoil go léir. ⁴⁸Bhailigh Alastar rí sluaite móra agus shuigh a longfort os coinne Dhéimitrias. ⁴⁹Chuaigh an dá rí i ngleic catha le chéile. Theith arm Dhéimitrias agus chuaigh Alastar sa tóir air agus bhris ar a fhórsaí. ⁵⁰Lean sé den troid go dásachtach go ndeachaigh an ghrian faoi agus thit Déimitrias féin an lá úd.

Pósadh Alastair – Gradam Iónátán

⁵¹Chuir Alastar teachtaí go dtí Ptoilimí rí na hÉigipte le teachtaireacht mar leanas: ⁵²“Ós rud é gur fhill mé ar ais ar mo ríocht féin, go bhfuilim i mo shuí i ríchathaoir mo shinsear, gur dhaingnigh mé mo réim, gur hasc mé Déimitrias, go bhfuair mé ceannas ar ár dtír – ⁵³mar throid mé é agus scriosamar é féin agus a arm agus táimid suite anois i ríchathaoir a ríochta – ⁵⁴anois, más ea, déanaimis Conradh agus cairdeas lena chéile; tabhair dom d’iníon mar bhean chéile agus beidh mé mar chliamhain agat, agus tabharfaidh mé spré duitse agus dise, mar is dual daoibh.”

⁵⁵D’fhreagair Ptoilimí rí mar leanas: “Is aoibhinn an lá a d’fhill tú ar thír do shinsear agus a shuigh tú i ríchathaoir a ríochta. ⁵⁶Anois déanfaidh mé duit de réir mar a scríobh



tú; ach buail liom i Ptolamais, i dtreo go bhfeicfimis a chéile agus beidh mé i m'athair céile agat faoi mar a dúirt tú.”⁵⁷ Chuir Ptoilímí chun bealaigh mar sin ón Éigipt, é féin agus a iníon Cleopatra agus thángadar go Ptolamais sa dara bliain ar thrí fichid ar chéad.⁵⁸ Bhuail Alastar rí leis agus thug [Ptoilímí] a iníon Cleopatra dó le pósadh agus ceiliúradh an pósadh i Ptolamais le spleodar faoi mar is gnáth le ríthe.⁵⁹ Ansin scríobh Alastar go Iónátán á iarraidh air teacht ina láthair.⁶⁰ Chuaigh sé dá bhrí sin go hollásach go Ptolamais agus bhuail leis an dá rí; thug sé airgead agus ór agus a lán tabhartas dóibh féin agus dá gcairde agus fuair sé fabhar ina láthair.⁶¹ Chuir buíon sraistí ó Iosrael, dream ainrialta, le chéile le gearán a dhéanamh ina aghaidh, ach níor thug an rí aon aird orthu.⁶² D'ordaigh an rí a chuid éadaigh a bhaint de Iónátán agus éide chorcra a chur uime, agus rinneadh amhlaidh.⁶³ Chuir an rí ina shuí taobh leis é agus dúirt sé lena oifigigh: “Téigí amach i lár na cathrach leis agus fógraigí gan aon duine a dhéanamh gearáin ina aghaidh faoi aon ní agus gan aon duine a chur isteach air ar aon chúis.”⁶⁴ Nuair a chonaic lucht a chúisithe an onóir a bhí á caitheamh leis de réir an fhógra sin agus é gléasta i gcorcra, theith siad go léir.⁶⁵ Thug an rí onóir dó, más ea, agus chuir a ainm ar rolla a phríomhchairde, agus cheap é ina ghinearál agus ina ghobharnóir ar an gcúige.⁶⁶ D'fhill Iónátán ansin go Iarúsailéim faoi shíocháin agus faoi áthas.

Briseann Iónátán ar Apollóinias

⁶⁷ Sa bhliain céad agus a seasca cúig tháinig Déimitrias mac Dhéimitrias ón gCréit go tír a shinsear.⁶⁸ Nuair a chuala Alastar rí ina thaobh sin, tháinig buaireamh mór air agus



d'fhill sé ar Aintíoch. ⁶⁹Cheap Déimitrias Apollóinias ina ghobharnóir ar Choilé Síre agus chruinnigh forsa tréan agus chuir léigear ar Iaimnía. Ansin chuir sé an teachtaireacht seo leanas go Iónátán an t-ardsagart.

⁷⁰“Níor éirigh inár gcoinne ach tú! Táim i mo cheap magaidh agus aithise anois de do chionn. Cén fáth a bhfuil feidhm á bhaint agat as do chumas inár gcoinne sna hardáin?

⁷¹Má tá muinín agat as d'fhórsaí, tar anuas ar an machaire inár n-aghaidh agus bainimis triail as a chéile ann; tá neart na gcathracha ar mo thaobhsa. ⁷²Cuir ceist agus faigh amach cé hé mé agus cé hiad an mhuintir eile atá ag cabhrú linn. Déarfaidh daoine leat nach féidir duit an fód a sheasamh inár n-aghaidh, mar gur briseadh dhá uair ar do shinsir ar a bhfóidín dúchais. ⁷³Agus anois ní bheidh ar do chumas an fód a sheasamh in aghaidh an mharcshlua ná an airm mhóir seo sa mhachaire, agus gan carraig ná scailp ná áit dídine ann duit.”

⁷⁴Nuair a chuala Iónátán teachtaireacht Apollóinias, bhorr an croí ann istigh. Thogh sé deich míle fear agus chuir chun bealaigh ó Iarúsailéim agus tháinig a dheartháir Síomón chuige le cabhair. ⁷⁵Shuigh sé longfort os comhair Iopa ach dhún lucht na cathrach í ina aghaidh, mar go raibh garastún ag Apollóinias in Iopa. Nuair a rinneadar ionsaí uirthi, ⁷⁶tháinig eagla ar lucht na cathrach agus d'osclaíodar dó agus ghabh Iónátán Iopa.

⁷⁷Chuala Apollóinias é sin agus chruinnigh sé trí mhíle de mharcshlua agus arm mór agus ghluais go hAzótas, amhail is dá mbeadh sé le dul níos faide. Bhí sé ag brú ar aghaidh isteach sa mhachaire san am céanna mar bhí forsa tréan marcach aige agus é ag brath orthu. ⁷⁸Chuaigh [Iónátán] sa tóir air chomh fada le hAzótas agus chuaigh na hairm i ngleic le chéile. ⁷⁹Bhí míle marcach fágtha ag Apollóinias i bhfolach ar a chúl. ⁸⁰Fuair



Iónátán amach go raibh an luíochán seo á dhéanamh i leith a chúil; thimpeallaigh na marcaigh a arm agus bhíodar ag scaoileadh a saigheada faoina chuid fear ó mhaidin go tráthnóna. ⁸¹Ach sheas na fir an fód mar a d'ordaigh Iónátán dóibh, agus traochadh a n-eachra siúd. ⁸²Ansin thug Síomón a fhórsa chun tosaigh agus chuir cath ar an bhfalang – mar bhí an marcshlua traochta – agus bhris sé orthu agus theitheadar. ⁸³Scaipeadh an marcshlua ar fud an mhachaire agus theith siad go hAzótas agus isteach leo i dteampall Dhágón, a n-íol, ag lorg dídine. ⁸⁴Ach chuir Iónátán Azótas agus na cathracha máguaird trí thine; chreach sé iad agus chuir sé teampall Dhágón, agus an mhuintir a theith ina sluaite isteach ann, faoi bharr lasrach. ⁸⁵Ba é an líon naimhde a thit le faobhar claímh nó le loscadh sa tine, timpeall ocht míle fear. ⁸⁶D'imigh Iónátán leis ón áit sin, agus shuigh a champa os comhair Ascalón; d'fháiltigh muintir na cathrach sin roimhe go hollásach. ⁸⁷D'fhill Iónátán ansin ar Iarúsailéim le héadáil mhór. ⁸⁸Nuair a chuala Alastar rí faoi na nithe sin go léir, chaith sé a thuilleadh onóra le Iónátán, ⁸⁹chuir sé chuige dealg óir mar is gnáth a thabhairt do ghaolta an rí; thug sé dó chomh maith seilbh ar Eacrón agus na tailte a ghabh leis.

Ptoilimí i gCabhair ar Dhéimitrias

1 Thionóil rí na hÉigipte armáil mhór ansin, chomh líonmhar le gaineamh na trá, agus a lán long, agus rinne iarracht ar sheilbh a fháil le feall ar ríocht Alastair agus í a chur lena ríocht féin. ²Chuir sé chun bealaigh chun na Síre agus síocháin ar a bhéal, agus d'osclaíodh muintir na gcathracha a ngeataí roimhe agus théidís amach ina choinne;



mar d'ordaigh Alastar rí fáilte a chur roimhe mar gurbh é a athair céile é. ³ Ach nuair a théadh Ptoilimí isteach sna cathracha, bhuannaíodh sé saighdiúirí mar gharastún i ngach ceann. ⁴ Nuair a tháinig sé i gcóngar Azótas, thaispeáin siad creatlach dóite theampall Dhágón dó, agus Azótas agus a bhruachbhailte scriosta, corpáin scaipthe thall agus abhus, agus conablaigh loiscthe na ndaoine a dhóigh Iónátán sa chath agus iad ina gcairn acu ar feadh a bhealaigh. ⁵ Chuireadar in iúl don rí freisin cad a rinne Iónátán le milleán a chur air, ach níor labhair an rí focal. ⁶ Chuaigh Iónátán go Iopa le bualadh leis an rí go hollásach, agus bheannaigh siad dá chéile agus chaith an oíche ann. ⁷ Rinne Iónátán an rí a thionlacan chomh fada leis an abhainn ar a dtugtar Eiliútaras agus ansin d'fhill sé ar Iarúsailéim.

⁸ Ghabh Ptoilimí rí ceannas ar chathracha an chósta chomh fada le fearainn Seiliúiciá agus bhí an t-olc á bheartú gan staonadh aige in aghaidh Alastair. ⁹ Chuir sé teachtaí go Déimitrias rí á rá: “Tar, déanaimis conradh le chéile agus tabharfaidh mé m’iníon, a bhí mar chéile ag Alastar, duit le pósadh, agus beidh tú i réim i ríocht d’athar. ¹⁰ Mar is oth liom anois gur thug mé m’iníon dó, mar rinne sé iarracht ar mé a mharú.” ¹¹ Bhí an milleán á chur aige ar [Alastar] mar gur shantaigh sé a ríocht. ¹² Bhain sé a iníon de dá bhrí sin agus thug í do Dhéimitrias; bhí sé in earraid le hAlastar ansin agus ba léir don saol a naimhdeas.

¹³ Ansin ghabh Ptoilimí isteach in Aintíoch agus chuir coróin na hÁise air féin. Chuir sé dhá choróin ar a cheann, ar an gcuma sin, coróin na hÉigipte agus coróin na hÁise. ¹⁴ Bhí Alastar rí sa tSiléis an uair sin mar go raibh ceannairc déanta ag muintir na dúiche sin.

¹⁵ Chuala Alastar an scéala agus tháinig sé ina choinne i gcath. Ghluais Ptoilimí amach ina



choinne, chuaigh i ngleic leis le fórsa tréan agus chuir an teitheadh air. ¹⁶Theith Alastar chun na hAráibe le dídean a fháil ann agus cheiliúir Ptoilimí a bhua. ¹⁷Bhain Zaibdiéil, an tArabach, a cheann d'Alastar agus chuir é go Ptoilimí. ¹⁸Ach fuair Ptoilimí bás trí lá ina dhiaidh sin agus mharaigh na háitritheoirí a shaighdiúirí ina ngarastúin. ¹⁹Rinneadh rí dá réir sin de Dhéimitrias sa bhliain céad seasca a seacht.

Comhar le Déimitrias II

²⁰San am céanna thionóil Iónátán fir Iúdáia le hionsaí a dhéanamh ar an Dúnfort in Iarúsailéim agus d'fheistigh sé a lán inneall cogaidh le húsáid ina choinne. ²¹Ach coirpigh áirithe a raibh fuath acu dár gcine, chuaigh siad go dtí an rí agus d'inis siad dó go raibh léigear á chur ag Iónátán ar an Dúnfort. ²²Nuair a chuala sé é sin, tháinig fearg air; a luaithe a fuair sé gaoth an fhocail chuir sé chun bealaigh agus tháinig go Ptolamais. Scríobh sé go Iónátán á rá leis scor den léigear, agus teacht agus bualadh leis i gcomhdháil i Ptolamais chomh tapa agus ab fhéidir dó. ²³Nuair a chuala Iónátán é sin, d'ordaigh sé leanúint den léigear; thogh sé cuid de sheanáirí Iosrael agus cuid de na sagairt; chuir sé é féin i bhfiontar, ²⁴mar chuaigh sé go dtí an rí i Ptolamais, agus airgead agus ór agus éidí agus a lán tabhartas eile aige, agus ghnóthaigh sé a fhabhar. ²⁵Bhí coirpigh áirithe dá chine féin ag déanamh gearáin ina aghaidh, ²⁶ach chaith an rí leis mar a rinne na ríthe a ghabh roimhe agus mhóraigh é i bhfianaise a chairde go léir. ²⁷Dhaingnigh sé é san ardsagartacht agus sna honóracha a bhí aige roimhe sin agus rinne sé é a áireamh ar a phríomhchairde. ²⁸Ansinn d'iarr Iónátán ar an rí Iúdáia agus trí dhúiche na Samáire a



shaoradh ó cháin, agus gheall dó trí chéad tallann. ²⁹D’ aontaigh an rí leis sin agus scríobh litir go Iónátán i dtaobh na nithe sin go léir: mar seo a ghabh sí:

³⁰Déimitrias rí go Iónátán a dheartháir, agus go cine na nGiúdach, beatha agus sláinte! ³¹Scríobhamar go Lastanaes ár ngaol mar gheall oraibh agus anois tá cóip den litir sin scríofa againn chugatsa i dtreo go mbeadh a fhios agat cad deir sí.

³²“Déimitrias rí go Lastanaes a athair, beatha agus sláinte! ³³Cairde dúinn is ea náisiún na nGiúdach agus comhlíonann siad a ndualgais inár leith, agus tá sé beartaithe againn an mhaith a dhéanamh dóibh de bharr a ndea-thola dúinn.

³⁴Dhaingníomar ina seilbh críocha Iúdáia agus na trí dúichí, Afairéama, Luda agus Rataimin; cuireadh na dúichí seo agus na réigiúin a bhaineann leo le Iúdáia ón tSamáir ar mhaithe le cách a dhéanann íobairt in Iarúsailéim, in áit na ndleacht ríoga a d’fhaigheadh an rí uathu roimhe seo gach bliain de thorthaí na talún agus de thorthaí na gcrann. ³⁵Maidir leis na dleachta is dual dúinn ó na deachúna, ó na cánacha atá ag dul dúinn ó na bogaigh shalainn agus ó na dleachta corónach atá ag dul dúinn – fuasclaímid iad uathu sin go léir ó inniu amach. ³⁶Ní chuirfear oiread agus ceann de na deontais seo go léir ar ceal ó inniu go brách. ³⁷Féachaigí chuige go ndéantar cóip de seo agus tugtar í do Iónátán agus cuireadh sé in áit fheicseanach ar an Sliabh Naofa í.”

Fuasclaíonn Iónátán Déimitrias

³⁸Nuair a chonaic Déimitrias an rí go raibh an tír ciúin faoina réim, gan aon duine ag cur ina choinne, scaoil sé uaidh a shaighdiúirí go léir, gach duine chun a bhaile féin, ach



amháin na fórsaí eachtrannacha a bhí fostaithe aige ó oileáin na gciníocha. Bhí an ghráin air dá bhrí sin ag na saighdiúirí go léir a rinne seirbhís dá shinsir. ³⁹Duine de lucht tacaíochta Dhéimitrias roimhe seo ab ea Trufón, agus chonaic sé go raibh na saighdiúirí go léir ag monabhar in aghaidh Dhéimitrias. D'imigh sé leis dá bhrí sin go dtí Imealcú an tArabach a bhí ag oiliúint Aintíochas mac óg Alastair, ⁴⁰agus d'impigh sé go crua air é a thabhairt dó, le bheith ina rí in áit a athar. D'inis sé dó freisin faoi cad a bheartaigh Déimitrias agus faoin ngráin a bhí ag a shluaite air; agus d'fhan sé tamall fada ansiúd.

⁴¹Chuir Iónátán achainí go Déimitrias rí go dtógfadh sé ar shiúl na fórsaí i nDúnfort Iarúsailéim, agus sna daingin, mar go rabhadar ag troid gan staonadh le hIosrael. ⁴²Chuir Déimitrias scéala ar ais go Iónátán: “Ní hé amháin go ndéanfaidh mé an méid seo duitse agus do do chine, ach tabharfaidh mé barr onóra duitse agus do do chine má fhaighim caoi chuige. ⁴³D'oirfeadh sé go maith anois dá bhrí sin dá seolfá saighdiúirí chugam a chabhródh liom mar thréig mo fhórsaí go léir mé.” ⁴⁴Chuir Iónátán trí mhíle saighdiúir cróga dá bhrí sin chuige go hAintíoch, agus thángadar chun an rí agus chuir siad áthas ar an rí lena dteacht.

⁴⁵Bhrúcht lucht na cathrach ansin le chéile isteach i lár na cathrach, suas le céad agus a fiche míle díobh, agus theastaigh uathu an rí a mharú. ⁴⁶Ach theith an rí isteach ina phálás agus ghabh lucht na cathrach príomhshráideanna na cathrach agus chromadar ar ionsaí.

⁴⁷Ghlaoigh an rí ar na Giúdaigh teacht i gcabhair air agus bhailíodar go léir ina thimpeall agus ansin scaipeadar ar fud na cathrach; agus an lá úd mharaíodar suas le céad míle duine. ⁴⁸Chuir siad an chathair trí thine, ghabh a lán creiche an lá úd agus d'fhuascail siad an rí. ⁴⁹Nuair a chonaic lucht na cathrach go raibh smacht faighte ag na Giúdaigh ar an



gcathair agus cead a gcinn acu, theip ar a misneach agus chuir siad achainí in ard a ngutha chun an rí. ⁵⁰“Tabhair síocháin dúinne agus stadadh na Giúdaigh de bheith ag troid inár n-aghaidh agus in aghaidh ár gcathrach.” ⁵¹ Ansin chaitheadar uathu a gcuid arm agus rinneadar síocháin. Móradh na Giúdaigh i bhfianaise an rí agus mhuintir a ríochta go léir, agus d’fhill siad ar Iarúsailéim lena lán éadála.

Cuireann Iónátán in aghaidh Dhéimitrias

⁵²Lean an rí Déimitrias air i ríchathaoir a ríochta agus bhí an tír ciúin faoina rialail. ⁵³ Ach bhris sé a fhocal maidir le gach ní dár gheall sé; tharla easaontas idir é féin agus Iónátán; níor chúitigh sé le Iónátán na comaoineacha a chuir sé air, ach chiap sé é go mór.

⁵⁴D’fhill Trufón ina dhiaidh sin agus an buachaill óg Aintíochas in éineacht leis; chrom seisean ar rialú agus chuir sé an choróin ar a cheann. ⁵⁵Na fórsaí go léir a thiomáin Déimitrias uaidh, chruinníodar ina thimpeall agus throid siad in aghaidh Dhéimitrias agus theith seisean agus briseadh air. ⁵⁶Ghabh Trufón na heilifintí agus fuair ceannas ar Aintíoch, ⁵⁷ agus scríobh Aintíochas óg go Iónátán á rá: “Daingním thú i do ardsagart agus ceapaim thú i gceannas na gceithre cúigí agus déanaim duine de chairde an rí díot.”

⁵⁸Agus chuir sé chuige gréithe boird óir agus thug cead dó ól as coirn óir agus éide chorera a chaitheamh agus dealg óir. ⁵⁹Cheap sé a dheartháir Síomón ina ghobharnóir ó Dhréimire na Tuíre go teorainneacha na hÉigipte. ⁶⁰Chuir Iónátán chun bealaigh ansin agus thaistil an dúiche thar an Abhainn agus a cathracha agus tháinig fórsaí uile na Síre chuige mar chomhghuailithe. Tháinig sé go hAscalón ansin agus chuir muintir na



cathrach go léir fáilte roimhe le barr onóra. ⁶¹Chuaigh sé as sin go Gazá, ach dhún muintir na háite sin an chathair ina aghaidh. Chuir sé léigear air agus chuir a bhruachbhailte trí thine agus chreach iad. ⁶²Ansin rinne muintir Gazá impí air, agus rinne sé síocháin leo, agus thóg sé clann mhac a gceannairí mar ghialla agus sheol iad go Iarúsailéim. Agus ghabh sé tríd an tír chomh fada leis an Damaisc.

⁶³Fuair Iónátán scéala ansin go raibh cinn feadhna Dhéimitrias tagtha go Céidis sa Ghailíl le fórsa tréan agus é ar intinn acu é a chur as oifig. ⁶⁴Chuaigh sé ina gcoinne ach d'fhág sé a dheartháir Síomón faoin tuath. ⁶⁵Chuir Síomón léigear ar Bhéit Zúr agus throid ina aghaidh ar feadh mórán laethanta; bhí sé ag luí go crua ar [na háitritheoirí] ⁶⁶go dtí gur lorgadar coinníollacha síochána, rud a thug sé dóibh; ach díbir sé as sin iad, fuair seilbh ar an gcathair agus chuir garastún inti.

⁶⁷Shuigh Iónátán agus a fhórsaí a gcampa ag Loch Gheanasarat. Go luath ar maidin mháirseáladar leo go machaire Hazór. ⁶⁸Agus, féach, tháinig airm na n-eachtrannach ina choinne ar an machaire agus buíon curtha acu i luíochán air sna sléibhte; thugadar féin aghaidh air ansiúd. ⁶⁹D'éirigh na fir sa luíochán óna láithreacha agus isteach leo sa chath.

⁷⁰Theith na fir a bhí le Iónátán chun siúil agus níor fágadh díobh ach Mataitias mac Aibseálóm agus Iúdás mac Chalfáí, cinn feadhna an airm. ⁷¹Stróic Iónátán a éidí agus chuir luaitheach ar a cheann agus rinne guí. ⁷²Chas sé ar ais chun catha a chur orthu ansin, bhris orthu agus theitheadar. ⁷³Nuair a chonaic na teifigh óna arm féin é sin, d'fhilleadar ar ais chuige agus chuaigh siad sa tóir in éineacht leis chomh fada le Céidis, mar a raibh longfort an namhad agus shuigh siad féin a longfort ansiúd. ⁷⁴Thit suas le trí mhíle eachtrannach an lá sin, agus d'fhill Iónátán ar Iarúsailéim.



Iónátán agus Sparta

12 Nuair a chonaic Iónátán go raibh rith an rása leis, thogh sé toscaireacht agus chuir sé chun na Róimhe iad leis an gconradh síochána leo a dhaingniú agus a athnuachan. ²Chuir sé litreacha ar an dul céanna go Sparta agus go háiteanna eile. ³Chuaigh na toscairí go dtí an Róimh agus isteach sa seanad leo agus dúirt: “Chuir Iónátán, an t-ardsagart, agus an náisiún Giúdach sinn chun bhur gconradh cairdis agus síochána leo a athnuachan mar a bhí.” ⁴Thug na [Rómhánaigh] litreacha dóibh do mhuintir gach áite le go ndéanfaidís iad a thionlacan slán síochánta go tír Iúdá.

⁵Seo coip den litir a sheol Iónátán go dtí na Spartaigh:

⁶Iónátán an t-ardsagart, seanad an chine, na sagairt agus an chuid eile den phobal Giúdach, dá mbráithre, na Spartaigh, beatha agus sláinte! ⁷Fadó cuireadh litir go hOinias, an t-ardsagart, ó Airías a bhí mar rí agaibh, á rá gur bráithre dúinn sibh, mar is léir ón gcóip a ghabhann leis seo. ⁸Chuir Oinias fáilte go honórach roimh an toscaire agus ghlac leis an litir; bhí fógra soiléir conartha agus cairdis inti. ⁹Anois, dá bhrí sin, cé nach bhfuil aon ghá againn lena leithéid mar go bhfuil ár scríbhinní naofa inár seilbh againn le misneach a thabhairt dúinn, ¹⁰tá toscaireacht á cur againn chugaibh lenár mbráithreas agus ár gcairdeas libh a athnuachan d’fhonn nach mbeimis inár strainséirí agaibh, mar is fada anois ó chuir sibh bhur litir chugainn. ¹¹Tugaimid sibh chun cuimhne i gcónaí ar gach ócáid, ar ár bhféilte agus ar ár laethanta ceaptha eile, sna híobairtí a ofrálimid, agus inár n-urnaithe, mar is cóir agus is dual ár mbráithre a thabhairt chun cuimhne.



¹²Cuireann bhur nglóir gliondar orainn. ¹³Ach maidir linne, tá trioblóidí agus cogaí inár dtimpeall go flúirseach, agus tá cogaí feartha orainn ag na ríthe máguaird.

¹⁴Níor mhian linn sibhse agus ár gcomhghuailithe agus ár gcairde eile a bhuaireamh leis na cogaí sin, ¹⁵mar tá cabhair againn a thagann chugainn ó neamh dár bhfortacht, agus saortar sinn ónár naimhde agus íslítear ár naimhde.

¹⁶Thoghamar Núiméinias mac Aintíochas agus Antapataer mac Iásón, dá bhrí sin, agus chuireamar chun na Róimhe iad d'fhonn an cairdeas agus an conradh a bhí eadrainn a athnuachan. ¹⁷D'ordaíomar dóibh dul chugaibhse chomh maith, agus beannú daoibh, agus an litir seo uainn faoi athnuachan ár mbraithris a sheachadadh daoibh. ¹⁸Seolaigí dá bhrí sin freagra uirthi seo chugainn.

¹⁹Seo cóip den litir a chuir siad go hOinias:

²⁰Airías, rí na Spartach, go hOinias, an t-ardsagart, beatha agus sláinte!

²¹Fuarthas amach i gcáipéis faoi na Spartaigh agus na Giúdaigh gur bráithre iad agus gur de chlann Abrahám iad. ²²Ós rud é go bhfuil sé sin ar eolas againn, scríobhaigí chugainn le bhur dtoil le scéala faoi bhur gconách. ²³Sé ár dteachtaireacht daoibh ná: is linn bhur n-eallach agus bhur maoin; agus is libhse ár gcuidne. Tá ordú á thabhairt againn go dtabharfadh ár [dtoscairí] tuairisc dá réir sin daoibh.

Feachtais eile agus Tógáil in Iarúsailéim

²⁴Chuala Iónátán gur fhill cinn feadhna Dhéimitrias le fórsa níos láidre ná roimhe sin le cogadh a chur air. ²⁵Mháirseáil sé ó Iarúsailéim agus tháinig ina gcoinne i ndúiche Hamát



gan caoi a thabhairt dóibh ionradh a dhéanamh ar a thír. ²⁶Chuir sé spairí isteach ina longfort agus thug siad faisnéis leo ar ais chuige go rabhadar á gcóiriú le hionsaí a dhéanamh san oíche ar na Giúdaigh. ²⁷Nuair a chuaigh an ghrian faoi, d'ordaigh Iónátán dá chuid fear a bheith ar a bhfaire agus a n-airm a choimeád taobh leo, d'fhonn go mbeidís ullamh an oíche go léir don chath; agus chuir sé urphoist timpeall an longfoirt. ²⁸Nuair a chuala an namhaid go raibh Iónátán agus a chuid fear réidh chun catha, tháinig eagla orthu agus scéin ina gcroí; d'adhnadar tinte sa longfort dá bhrí sin agus d'imíodar leo. ²⁹Ach ní raibh a fhios sin ag Iónátán agus a chuid fear go dtí ar maidin, mar bhí na tinte le feiceáil acu. ³⁰Chuaigh Iónátán sa tóir orthu ansin, ach theip air teacht suas leo mar go rabhadar imithe thar abhainn Eiliútaras anonn. ³¹Chas Iónátán i leataobh dá bhrí sin in aghaidh na nArabach ar a dtugtar Zabadaeigh, basc sé iad agus chreach iad. ³²Ansin scoir sé a champa agus d'imigh go dtí an Damaisc agus ghabh tríd an dúiche sin go léir. ³³Ghluais Síomón amach freisin agus mháirseáil tríd an tír chomh fada le hAscalón agus na daingin máguaird. Chas sé i leataobh ansin go Iopa agus ghabh é gan choinne, ³⁴mar chuala sé go rabhadar réidh leis an dúnfort a thabhairt suas don dream a sheol Déimitrias. Chuir sé garastún ansiúd le hé a chosaint. ³⁵Nuair a d'fhill Iónátán chuir sé tionól ar sheanóirí an phobail agus chinn sé mar aon leo daingin a thógáil in Iúdáia, ³⁶balla Iarúsailéim a thógáil níos airde fós, bábhún ard a thógáil idir an Dúnfort agus an chathair lena dheighilt ón gcathair, i dtreo go mbeadh sé leis féin agus nach bhféadfadh [an garastún] díol ná ceannach a dhéanamh. ³⁷Chruinníodar le chéile chun an chathair a atógáil; bhí cuid den bhalla ar an ngleann thoir tite agus dheisigh sé an chuid ar a dtugtar



Cafanata. ³⁸Thóg Síomón Aidideá sa Seiféalá; dhaingnigh sé é, agus chuir sé geataí le boltaí air.

Bás Iónátán

³⁹Bhí sé ar intinn ag Trufón rí a dhéanamh de féin ar an Áise agus an choróin a chur ar a cheann féin agus lámh a shíneadh in aghaidh Aintíochas rí. ⁴⁰Bhí eagla air nach gceadódh Iónátán dó sin a dhéanamh, ach go bhfearfadh sé cogadh air. Bhí sé ag iarraidh greim a fháil air dá bhrí sin agus é a chur chun báis. Chuir sé chun bealaigh agus tháinig go Béit Seán. ⁴¹Ghluais Iónátán amach ina choinne le daichead míle laoch tofa faoi chóiriú catha agus tháinig sé go Béit Seán. ⁴²Nuair a chonaic Trufón an slua mór a thug sé leis, níor lig eagla dó lámh a shíneadh ina choinne. ⁴³Ghlaic sé leis go honórach dá bhrí sin agus mhol é dá chairde go léir agus thug tabhartais dó, agus d'ordaigh dá chairde agus dá shaighdiúirí géilleadh dó mar a dhéanfaidís dó féin. ⁴⁴Dúirt sé ansin le Iónátán: “Cad ab áil leat ag traochadh an phobail seo go léir agus gan sinn ag fearadh cogaidh?” ⁴⁵Lig uait anois iad chun a mbailte agus togh beagán fear le fanacht leat agus tar liomsa go Ptolamais. Tabharfaidh mé é sin agus na daingin eile agus na fórsaí atá fágtha agus na feidhmeannaigh go léir suas duit agus casfaidh mé ar mo sháil agus rachaidh mé abhaile. Óir is chuige sin a tháinig mé anseo.” ⁴⁶Thug Iónátán iontaoibh leis agus rinne sé mar a dúirt sé; lig sé na saighdiúirí uaidh agus d'fhill siadsan ar thír Iúdá. ⁴⁷Choimeád sé trí mhíle fear aige féin, d'fhág dhá mhíle sa Ghailíl, agus d'fhan míle ina choimhdeacht.



⁴⁸Nuair a chuaigh Iónátán isteach i Ptolamais, dhún muintir Ptolamais na geataí, ghabh é, agus chuir siad chun báis le faobhar claímh an bhuíon go léir a tháinig isteach leis.

⁴⁹Ansin sheol Trufón arm agus marcshlua isteach sa Ghailíl agus sa Mhachaire Mór le lucht leanúna Iónátán go léir a scriosadh. ⁵⁰Tuigeadh dóibhsean gur gabhadh Iónátán agus go raibh sé tar éis bháis in éineacht lena chuid fear; thug siad misneach dá chéile agus ar aghaidh leo in eagar dlúth cóirithe chun catha. ⁵¹Nuair a chonaic an tóir go dtroidfidís lena n-anam, chas siad ar ais. ⁵²Shroicheadar go léir tír Iúdá faoi shíocháin, agus chaoin Iosrael go léir go géar goirt. ⁵³Bhí na ciníocha go léir ina dtimpeall ag iarraidh iad a scriosadh, “mar,” a dúradar, “tá siad gan cheann gan chúnamh. Cuirimis cogadh orthu dá bhrí sin agus scriosaimis gach cuimhne orthu ó aigne an chine dhaonna.”

Síomón i gCeannas

13 Chuala Síomón go raibh armáil mhór cruinnithe ag Trufón le hionradh a dhéanamh ar thír Iúdá agus é a scriosadh. ²Ansin chonaic sé go raibh scéin agus eagla ar na daoine agus chuaigh sé suas go Iarúsailéim agus bhailigh an pobal le chéile. ³Thug sé misneach dóibh agus dúirt: “Is maith atá a fhios agaibh féin na héachtaí a rinne mé féin agus mo bhráithre agus teaghlach m’athar ar son na ndlíthe agus an tsanctóra; agus na cogaí agus na cruatain ar ghabhamar tríothu. ⁴Sé toradh a bhí air sin go léir ná go bhfuil bás faighte ag mo dheartháireacha go léir ar son Iosrael agus níl fágtha ach mise amháin. ⁵I bhfad uaimse a bheith ag coigilt mo bheatha in am an ghátair! mar ní fearr mé ná mo bhráithre. ⁶Ach déanfaidh mé díoltas a bhaint amach ar son mo chine, mo



shanctóra agus ar son bhur mban agus bhur leanaí, mar tá na náisiúin go léir cruinnithe le chéile le barr fuatha d'fhonn sinn a scriosadh.”

⁷Mhúscail misneach na ndaoine nuair a chuala siad na focail sin, ⁸agus d'fhreagair siad in ard a ngutha: “Is tú ar gceannasaí in áit Iúdáis agus Iónátán do dheartháir. ⁹Troid ár gcathanna dúinn agus déanfaimid mar a deir tú linn.” ¹⁰Chuir sé tionól ar na laochra gaile go léir agus bhrostaigh le tógáil ballaí Iarúsailéim agus dhaingnigh sé é ar gach taobh.

¹¹Chuir sé Iónátán mac Aibseálóm go Iopa agus fórsa tréan leis; thiomáin seisean amach a áithritheoirí agus chuir faoi ann.

¹²Ansin chuir Trufón chun bealaigh ó Ptolamais le harm mór le hionradh a dhéanamh ar Iúdá agus thug Iónátán leis faoi gharda. ¹³Shuigh Síomón a longfort in Aidideá os comhair an mhachaire. ¹⁴Fuair Trufón amach gur éirigh Síomón in áit a dhearthár Iónátán agus go raibh sé le dul i ngleic leis ar pháirc an chatha agus chuir sé toscairí chuige a rá:

¹⁵“Is de bharr na bhfiacha airgid a bhí ag an gciste ríoga air toisc na bpost a bhí aige atáimid ag coimeád Iónátán do dheartháir i ngéibhinn. ¹⁶Cuir anois céad tallann airgid agus beirt mhac leis mar ghialla i dtreo nuair a scaoilfear saor é nach ndéanfaidh sé ceannaire inár n-aghaidh agus scaoilfimid saor é.”

¹⁷Thuig Síomón go raibh cealg ina gcaint, ach chuir sé fios ar an airgead agus ar na mic le heagla go músclódh sé naimhdeas mór i measc an phobail ¹⁸a déarfadh gur de bhrí nár chuir Síomón an t-airgead agus na mic chuige a fuair sé bás. ¹⁹Chuir sé na mic agus an céad tallann dá bhrí sin, ach níor sheas [Trufón] lena bhriathar agus níor scaoil sé Iónátán saor.



²⁰Ina dhiaidh sin tháinig Trufón le hionradh a dhéanamh ar an tír agus lena scriosadh, agus ghabh sé an timpeall ar feadh bealach Adóra, ach bhíodh Síomón agus a arm roimhe cibé treo baill ina dtéadh sé. ²¹Bhíodh muintir an Dúnfoirt ag cur toscairí go Trufón á áiteamh air teacht chucu tríd an bhfásach agus bia a chur chucu. ²²D’ullmhaigh Trufón a mharslua go léir le dul, ach an oíche úd thit sneachta trom agus ní dheachaigh sé de bharr an tsneachta. Ghluais sé leis dá bhrí sin agus chuaigh go tír Ghileád. ²³Nuair a dhruid sé le Bascama, mharaigh sé Iónátán agus cuireadh ansiúd é. ²⁴Ansin chas Trufón ar a sháil agus d’fhill ar a thír féin.

Iónátán á Adhlacadh faoi Onóir

²⁵Sheol Síomón díorma uaidh agus fuair ar ais cnámha Iónátán a dheartháir agus rinne sé é a adhlacadh i Móidín, cathair a shinsear. ²⁶Rinne Iosrael go léir é a chaoineadh go dubhach agus mhair an t-olagán mórán laethanta. ²⁷Thóg Síomón leacht ar thuama a athar agus a bhráithre; thóg sé go hard é le go mbeadh radharc air agus ba de chloch líofa é chun tosaigh agus ar gcúl. ²⁸Thóg sé chomh maith seacht bpirimid, ar aghaidh a chéile, dá athair agus dá mháthair agus dá cheathrar deartháireacha. ²⁹Thóg sé iad ar bhonn dealraitheach agus thóg colúin mhóra ina dtimpeall; agus ghrean sé cultacha gaisce ar na colúin mar chuimhneachán síoraí; agus taobh leis na cultacha gaisce ghrean sé longa a d’fhéadfaí a fheiceáil ag cách a sheolfadh ar farrage. ³⁰Sin é an cuimhneachán a thóg sé i Móidín agus tá sé ann go dtí an lá inniu.



³¹Chaith Trufón go fealltach leis an rí óg Aintíochas. Mharaigh sé é ³²agus rinne sé rí de féin ina áit agus chuir coróin na hÁise air féin agus thug tubaiste mhór ar an tír.

³³Thóg Síomón daingin Iúdáia agus chuir balla timpeall orthu, le túir arda, ballaí móra, geataí agus boltaí, agus chuir sé bia i dtaisce sna daingin. ³⁴Thogh Síomón fir chomh maith agus chuir iad go Déimitrias rí le hiarratas fóirithint ar an tír mar nach raibh déanta ag Trufón ach creachadh. ³⁵Chuir Déimitrias rí scéala dá réir chuige, thug freagra air agus scríobh litir mar leanas chuige:

³⁶Déimitrias rí go Síomón, ardsagart agus cara na ríthe, agus go seanóirí chine na nGiúdach, beatha agus sláinte! ³⁷Ghlacamar an choróin óir agus an ghéag phailme a chuir sibh chugainn agus táimid réidh le síocháin choiteann a dhéanamh libh agus scríobh chun ár n-oifigeach le sibh a fhuascailt ó cháin. ³⁸Gach cinneadh a rinneamar in bhur leith, tá siad bailí; na daingin a thóg sibh, fanaidís in bhur seilbh. ³⁹Maithimid na dearmaid agus na cionta a rinneadh go dtí an lá inniu, agus na fiacha corónach atá oraibh; agus má tá aon cháin eile á tobhach in Iarúsailéim, ná déantar í a thobhach a thuilleadh. ⁴⁰Má tá aon duine agaibh oiriúnach le liostáil ar ár lucht cosanta, liostáiltear iad, agus bíodh síocháin eadrainn.

⁴¹Ba sa bhliain céad agus a seachtó a bogadh cuing na ngintlithe d'Iosrael, ⁴²agus thosaigh na daoine ar a gcáipéisí agus a litreacha a bheachtú leis na focail: “Sa chéad bhliain faoi Shíomón ardsagart mór, ceannaire, agus taoiseach na nGiúdach.”



Gabhtar Gazara agus an Dúnfort

⁴³Um an dtaca sin chuir Síomón léigear ar Ghazara agus thimpeallaigh é lena fhórsaí. Thóg sé túr deafa agus tharraing suas taobh leis an gcathair é agus bhataráil daingean agus ghabh é. ⁴⁴Phreab na fir sa túr deafa isteach sa chathair agus bhí círéib mhór inti.

⁴⁵Chuaigh lucht na cathrach, lena mná agus lena leanaí, in airde ar an mballa agus a n-éidí stróicthe acu, agus ghlaodar in ard a gcinn á impí ar Shíomón síocháin a dhéanamh leo.

⁴⁶Dúirt siad: “Ná caith linn de réir ár gcoireanna, ach de réir do thrócaire féin.” ⁴⁷Rinne Síomón réiteach leo dá bhrí sin agus stad sé de bheith ag troid ina n-aghaidh. Ach dhíbir sé as an gcathair iad agus ghlan sé na tithe ina raibh na híola agus ghabh isteach le hiomann agus cainticí molta. ⁴⁸Dhíbir sé gach neamhghlaine aisti agus lonnaigh inti dream a chomhlíonfadh an dlí. Dhaingnigh sé í agus thóg sé teach dó féin inti.

⁴⁹Bhí cosc ar lucht an Dúnfoirt in Iarúsailéim caidreamh a bheith acu ar an tuath le díol agus ceannach a dhéanamh. Bhí an-ghanntanas bia orthu agus fuair a lán acu bás den ghorta. ⁵⁰D’impigh siad ansin ar Shíomón síocháin a dhéanamh leo, rud a rinne, ach gur dhíbir sé iad agus gur ghlan sé an Dúnfort óna thruaillitheachtaí. ⁵¹Ar an tríú lá fichead den dara mí, sa bhliain céad seachtó a haon, ghabh [na Giúdaigh] isteach ann le gártha molta agus géaga pailme [á gcroiththeadh], le ceol cláirseach agus cruiteanna, ag gabháil iomann agus cainticí, mar go raibh namhaid mór basctha agus caite amach as Iosrael.

⁵²Chinn Síomón go ndéanfaí an lá úd a cheiliúradh mar lá lúchaire gach bliain. Dhaingnigh sé cóir chosanta Chnoc an Teampaill taobh leis an Dúnfort agus chuir sé féin



agus a lucht leanúna faoi ann. ⁵³Nuair a chonaic Síomón go raibh a mhac Eoin ina fhear, cheap sé ina cheann feadhna ar na fórsaí go léir é; bhí cónaí air i nGazara.

Moladh Shíomóin

14 Sa bhliain céad seachtó a dó chruinnigh Déimitrias a shluaite agus mháirseáil isteach sa Mhéide le cabhair a fháil i dtreo go bhféadfadh sé cogadh a chur ar Thrufón. ²Nuair a chuala Arsacaes rí na Peirse agus na Méide go raibh Déimitrias tagtha isteach ina chríocha, sheol sé duine dá cheannasaithe le breith ina bheatha air. ³D'imigh seisean agus bhris ar arm Dhéimitrias, ghabh é, agus thug leis go hArsacaes é, agus chuir seisean i ngéibheann é. ⁴Bhí an tír faoi shíocháin i gcaitheamh shaol Shíomóin ar fad.

Bhíodh sé ar a dhícheall ar mhaithe lena chine,
thaitin a réimeas leo,
agus a ghlóir ar feadh a shaoil.

⁵Mar bharr ar a ghlóir go léir,
thóg sé Iopa mar chalafort,
agus réitigh bealach go hinsí na mara.

⁶Leath sé críocha a chine;
choinnigh greim ar an bhfóidín dúchais,

⁷agus bhailigh mathshlua cimí.
Smachtaigh sé Gazara, Béit Zúr agus an Dúnfort,



agus chaith na nithe neamhghlana amach as,
agus ní raibh aon duine le cur ina choinne.

⁸ Shaothraídís a bhfearann i síocháin,
agus thug an talamh a fhómhar uaidh,
agus crainn an mhachaire a dtorthaí.

⁹ Shuíodh na seanóirí ar a suaimhneas sna sráideanna,
agus bhíodh an conách á phlé acu;
chaitheadh an t-aos óg libhré agus éide chatha.

¹⁰ Sholáthraigh sé bia do na cathracha
agus chuir cóir chosanta orthu,
i dtreo gur shroich a cháil go himill na cruinne.

¹¹ Dhaingnigh sé síocháin sa tír,
agus bhí lúcháir agus áthas mór ar Iosrael.

¹² Shuigh gach fear faoina chrann fíniúna agus fíggí,
agus ní raibh aon duine le heagla a chur orthu.

¹³ Níor fágadh namhaid sa tír le troid leo,
agus bascadh na ríthe sna laethanta úd.

¹⁴ Neartaigh sé uirísle a phobail;
chomhlíon sé an dlí le díograis,
agus dhíbir sé gach coirpeach agus ciontach.

¹⁵ Thug sé glóir don sanctóir,
agus chuir breis lena ghréithe.



Athnuachan Conarthaí

¹⁶Chualathas sa Róimh agus i gcéin i Sparta gur cailleadh Iónátán agus bhíodar go dubhach dobrónach. ¹⁷Nuair a chualadar go raibh Síomón a dheartháir ina ardsagart ina áit, agus go raibh sé ag rialú na tíre agus na gcathracha ann, ¹⁸scríobh siad chuige ar tháblaí cré-umha, leis an gconradh cairdis agus síochána a rinneadar lena bhráithre Iúdás agus Iónátán a athnuachan, ¹⁹agus léadh an [scríbhinn] i láthair an chomhthionóil in Iarúsailéim.

²⁰Seo cóip den lítir a sheol na Spartaigh:

Rialtóirí agus cathair Sparta do Shíomón, ardsagart, agus do sheanóirí agus do shagairt agus don chuid eile den phobal Giúdach, ár mbráithre, beatha agus sláinte. ²¹D’inis na toscairí a chuir sibh go dtí ár bpobal i dtaobh bhur nglóire agus bhur n-onóra, agus chuir a dteacht áthas orainn. ²²Rinneamar a ndúradar a chur ar pháir i miontuairiscí ár dtionól poiblí mar leanas: “Tháinig Núiméinias mac Aintíochas agus Antapataer mac Iásón, toscairí na nGiúdach, chugainn lena gcairdeas linn a athnuachan. ²³Bhí ár muintir sásta fáilte onórach a chur roimh na fir sin agus cóip dá dteachtaireacht a chur sa chartlann phoiblí i dtreo go mbeadh cuntas oifigiúil uirthi ag muintir Sparta. Rinne siad cóip de chomh maith do Shíomón an t-ardsagart.”



Onóir Phoiblí do Shíomón

²⁴Ina dhiaidh sin chuir Síomón Núiméinias go dtí an Róimh le sciath óir, a raibh míle míoná de mheáchan inti, d’fhonn an Conradh a dhaingniú leo.

²⁵Nuair a chuala an pobal an méid sin, dúradar: “Conas a thabharfaimid buíochas do Shíomón agus dá chlann mhac? ²⁶Sheas seisean agus a bhráithre agus teaghlach a athar an fód; throid siad agus thiomáin siad ar gcúl naimhde Iosrael agus dhaingnigh a saoirse.”

²⁷Ghrean siad cuntas oifigiúil dá bhrí sin ar tháblaí cré-umha agus chuir é ar cholúin Shliabh Shíón. Seo cóip dár scríobh siad: “Ar an ochtú lá déag de Ealúl, sa bhliain céad seachtó a dó, an tríú bliain faoi Shíomón, ardsagart mór, in Asarmal, ²⁸i gcomhthionól mór na sagart, an phobail, ceannairí an chine, agus seanóirí na tíre, fógraíodh mar leanas dúinn:

²⁹Nuair a bhí cogaíocht go minic sa tír chuaigh Síomón mac Mhataitias, sagart de chlann Ióairib, agus a dheartháireacha sa bhearna bhaoil agus sheas siad an fód in aghaidh naimhde an náisiúin, d’fhonn go mbeadh a sanctóir agus an dlí buan; agus thuill siad clú agus cáil dá náisiún. ³⁰Rinne Iónátán an náisiún a dhlúthú le chéile agus bhí sé mar ardsagart acu agus ansin cruinníodh chun a mhuintire é.

³¹Nuair a bheartaigh a naimhde ionradh a dhéanamh ar an tír agus lámha a leagan ar an sanctóir, ³²ansin d’éirigh Síomón agus throid ar son a náisiúin. Chaith sé a lán dá chuid airgid féin ag tabhairt airm do fhórsaí na tíre agus ag íoc a dtuarastail.

³³Dhaingnigh sé cathracha Iúdáia agus Béit Zúr ar theorainn Iúdáia, mar a raibh stóras airm an namhad roimhe sin, agus chuir sé garastún Giúdach ansiúd.



³⁴Dhaingnigh sé Iopa freisin, atá ar an gcósta, agus Gazara, atá ar theorainn Azótas, mar a raibh na naimhde ag cur fúthu roimhe sin. Chuir sé Giúdaigh chun cónaithe in Azótas agus sholáthraigh sé dóibh cibé rud a bhí de dhíth le hiad a chur ar a mbonna. ³⁵Ba léir don phobal creideamh Shíomóin agus an ghlóir a bheartaigh sé a ghnóthú dá chine; rinne siad ceannaire agus ardsagart de toisc na nithe sin go léir a chuir sé i gcrích, agus an chirt agus na dílse lenar chaith sé leis an gcine, agus de bhrí go ndearna sé a dhícheall ar gach slí a phobal a mhóradh.

³⁶Lena linn bhí rith an rása leo faoina threoir ag caitheamh na bpágánach amach as an tír, fiú lucht chathair Dháiví in Iarúsailéim, a thóg dúnfort dóibh féin as a ndéanaidís ruathair agus comharsanacht an tsanctóra a scríosadh agus a naofacht a thruailliú go mór. ³⁷Chuir sé saighdiúirí Giúdacha ar stáisiún ann agus dhaingnigh é ar mhaithe le slándáil na tíre agus na cathrach, agus chuir sé le hairde bhallaí Iarúsailéim. ³⁸Dhaingnigh Déimitrias rí é dá réir sin ina ardsagart. ³⁹Rinne sé duine dá chairde de agus thug onóir mhór dó. ⁴⁰Óir chuala sé gur thug na Rómhánaigh cairde, comhghuaillithe agus bráithre ar na Giúdaigh, agus gur fháiltíodar go honórach roimh thoscairí Shíomóin; ⁴¹agus gur bheartaigh na Giúdaigh agus a sagairt go mbeadh Síomón mar cheannaire buan agus mar ardsagart acu nó go dtiocfadh fáidh iontaofa ar an bhfód. ⁴²Agus go mbeadh sé mar ghobharnóir orthu, agus go mbeadh sé i bhfeighil an tsanctóra, agus i bhfeighil fir a cheapadh i mbun a ghnóthaí, agus i mbun na tíre, agus i mbun an stóras airm, agus i mbun na ndaingean; go mbeadh sé i gceannas an tsanctóra, ⁴³agus go ngéillfeadh cách dó, agus go mbeadh a ainm le gach conradh sa tír, agus



go gcaithfeadh sé éidí corcra agus ornáidí óir. ⁴⁴Ní bheidh cead ag aon duine den phobal ná de na sagairt aon cheann de na beartúcháin seo a chur ar ceal, ná cur i gcoinne aon ní dá ndeir sé, ná cruinniú a thionól sa tír gan a chead, ná éide chorcra a chaitheamh ná búcla óir a chur air féin. ⁴⁵Aon duine a dhéanann gníomh in aghaidh na socrúithe sin nó a dhiúltaíonn d'aon cheann díobh, beidh sé ciontach os comhair an dlí.”

⁴⁶D'aontaigh an pobal go léir ceart a thabhairt do Shíomón déanamh de réir na socrúithe sin. ⁴⁷Ghlac Síomón leis agus thoiligh sé a bheith ina ardsagart, a bheith ina cheannasaí ar an arm, agus ina eatnarch ar na Giúdaigh agus ar na sagairt, agus a bheith ina uachtarán orthu go léir. ⁴⁸D'ordaíodar an deicréid seo a ghreanadh ar tháblaí cré-umha, iadsan a chur in airde in áit fheiceálach i dtimpeallacht an tsanctóra, ⁴⁹agus cóipeanna díobh a chur i dtaisce sa chiste, i dtreo go mbeadh fáil ag Síomón agus ag a chlann mhac orthu.

Aitheantas ó Aintíochas VII

15 Chuir Aintíochas mac Dhéimitrias rí litir ó insí ina mara go Síomón, sagart agus eatnarch na nGiúdach, agus go dtí an náisiún ar fad; ²mar seo a ghabh sí:

Aintíochas rí go Síomón ardsagart agus eatnarch agus go dtí an cine Giúdach, beatha agus sláinte! ³Fág go bhfuil ceannas faighte ag scaistí áirithe ar ríocht ár sinsear, is mian liom an ríocht a éileamh ar ais d'fhonn í a athbhunú faoi mar a bhí cheana; tá líon mór amhas fostaithe agam agus loingeas cogaidh i bhfearas agam,



⁴ agus tá sé ar aigne agam dul i dtír ansiúd ionas go rachainn in aghaidh na ndaoine a scrios ár dtír agus a chreach a lán cathracha i mo ríocht. ⁵ Déanaim dá bhrí gach maitheamh cánach a dheonaigh na ríthe romham duit a dhaingniú leat, agus fuasclaím thú ó gach íoc eile ónar fhuascail siadsan thú. ⁶ Ceadaím duit d'airgead féin a bhualadh mar airgead reatha do do thír féin, ⁷ agus fógraím Iarúsailéim agus an sanctóir saor. Na hairm go léir a sholáthraigh tú, agus na daingin a thóg tú agus atá i do sheilbh, bídis agat i gcónaí. ⁸ Na fiacha rí go léir atá ort, nó a bheidh ort, maithfear duit iad, anois agus go brách. ⁹ Nuair a gheobhaimid seilbh ar ár ríocht, bronnfaimid onóir mhór ort féin agus ar do chine agus ar an Teampall, i dtreo go mbeidh bhur nglóir le feiceáil ag an domhan go léir.

¹⁰ Sa bhliain céad seachtó a ceathair, chuir Aintíochas chun bealaigh agus rinne ionradh ar thír a shinsear. Tháinig na fórsaí go léir ar a thaobh i dtreo nach raibh ach an beagán fágtha ag Trufón. ¹¹ Chuaigh Aintíochas sa tóir airsean agus tháinig sé go Dóra ar bhruach na farraige ag lorg dídine, ¹² mar bhí a fhios aige go raibh trioblóidí sa mhullach air agus go raibh sé tréigthe ag a shaighdiúirí. ¹³ Shuigh Aintíochas a longfort os comhair Dhóra agus céad agus a fiche míle curadh aige, agus ocht míle marcach. ¹⁴ Chuir sé léigear ar an gcathair agus dhruid na longa i gcóngar chun catha a chur ón muir; bhí an chathair faoi ionsaí dian ó mhuir agus ó thír aige, agus gan cead ag aon duine dul inti ná teacht aisti.



Conradh leis an Róimh

¹⁵Idir an dá linn tháinig Núiméinias agus a chompánaigh ón Róimh le litreacha go dtí ríthe agus tíortha; mar leanas a ghabh na litreacha:

¹⁶Lúicias, consal na Róimhe, do Ptoilimí rí, beatha agus sláinte! ¹⁷Tháinig toscairí na nGiúdach chugainn mar chairde agus mar chomhghuaillithe d'fhonn ár gcairdeas agus ár gconradh bunaidh a athnuachan: Síomón an t-ardsagart agus an pobal Giúdach a chuir chugainn iad ¹⁸agus thug siad leo sciath óir a mheánn míle míoná. ¹⁹Bheartaíomar dá bhrí sin scríobh go dtí na ríthe agus na tíortha go léir a rá leo gan a bheith ag iarraidh díobhála a dhéanamh dóibh, ná cogadh a chur orthu féin ná ar a gcathracha ná ar a dtíortha, ná conradh a dhéanamh leo siúd atá ag cogaíocht leo. ²⁰Bheartaíomar an sciath a ghlacadh uathu. ²¹Má theith aon sraistí chugaibh as a dtírsean, tugaigí ar láimh iad do Shíomón an t-ardsagart, le go gcuirfeadh sé pionós orthu de réir a ndlí.

²²Scríobh [an consal] an teachtaireacht chéanna go Déimitrias rí, go hAtlas agus Airiartaes agus Arsacaes, ²³agus go dtí na tíortha go léir, go Sampsamaes, go dtí na Spartaigh, go dtí Daolos, go Mundos, go Siceon, go Cairia, go Samos, go Paimfilia, go Luicia, go Hailicearnasas, go Ródos, go Faiséilis, go Cos, go Sidéas, go hArados, go Gartuna, go Cniodos, go dtí an Chipir, agus go Ciréiné. ²⁴Chuireadar cóip den mhéid sin go Síomón an t-ardsagart chomh maith.



Aintíochas Namhdmhar

²⁵ Idir an dá linn ar imeall na cathrach, chuir an rí Déimitrias léigear ar Dhóra, agus bhí sé gan stad ag cur a fhórsaí á ionsaí agus ag déanamh inneall cogaidh. Bhí Trufón teanntaithe aige, gan dul as ná ann aige. ²⁶ Chuir Síomón dhá mhíle fear tofa go hAintíochas mar chabhair sa troid, agus airgead agus ór agus soláthairtí cogaidh. ²⁷ Ach dhiúltaigh sé glacadh leo agus shéan sé na conarthaí go léir a bhí déanta aige le [Síomón] roimhe sin, agus d’athraigh sé a mheon ina leith ar fad. ²⁸ Chuir sé Ataenóibias, duine dá chairde, le hagallamh a dhéanamh leis, agus a rá: “Tá seilbh agat anois ar Iopa agus ar Gazara, agus ar an Dúnfort in Iarúsailéim; is cathracha de mo ríochtsa iadsan. ²⁹ Scrios tú a gcríocha, rinne tú a lán díobhála sa tír, agus thóg tú seilbh ar a lán áiteanna i mo ríocht.

³⁰ “Anois más ea, tabhair suas na cathracha a ghabh tú, agus cánacha na n-áiteanna ar thóg tú seilbh orthu, lasmuigh de chríocha Iúdáia, ³¹ nó, ceachtar acu, tabhair dom ina ionadsan cúig céad tallann airgid, agus cúig céad tallann breise mar chúiteamh sa scrios a rinne tú, agus in airgead cánach na gcathrach; mura ndéanann tú, tiocfaimid agus cuirfimid cogadh ort.”

³² Tháinig Ataenóibias, duine de chairde an rí, go Iarúsailéim dá bhrí sin agus nuair a chonaic sé glóir Shíomóin, agus an cornchlár lena ghréithe óir agus airgid, agus a thaibhseacht go léir, tháinig ardionadh air. Thug sé teachtaireacht an rí dó, ³³ ach sé a dúirt Síomón mar fhreagra: “Níor ghabhamar críocha eachtrannacha ná níor thógamar seilbh ar chuid allúrach, ach ar oidhreacht ár sinsear a bhain ár naimhde dinn go héagórach tráth. ³⁴ Anois, ámh, ó tá an chaoi againn, tá greim á coimeád againn ar



oidhreacht ár sinsear. ³⁵ Mairid le Iopa agus le Gazara atá á n-éileamh agaibhse, bhí a lán díobhála á dhéanamh acu i measc ár muintire agus dár dtír; táimid sásta céad tallann a thabhairt orthu.” Níor labhair Ataenóibias fiú focal á fhreagairt, ³⁶ ach d’fhill ar ais go dtí an rí agus an-fhearg air, agus d’aithris an chaint sin dó, agus d’inis faoi ghlóir Shíomóin agus gach a bhfaca sé. Tháinig racht feirge ar an rí.

³⁷ Chuaigh Trufón ansin ar bord loinge agus d’éalaigh sé go hOrtóise. ³⁸ Ansin cheap an rí Ceandabaes ina cheann feadhna ar na feoranna agus thug fórsa coisithe agus marcach dó. ³⁹ D’ordaigh sé dó a longfort a shuíomh os coinne Iúdáia agus d’ordaigh sé dó Cidreon a thógáil agus a gheataí a neartú, agus cogadh a chur ar an bpobal. Ach d’imigh sé féin sa tóir ar Thrufón. ⁴⁰ Tháinig Ceandabaes go Iaimnía agus chrom ar an bpobal a chiapadh ar an toirt, agus ionradh a dhéanamh ar Iúdáia agus daoine a ghabháil agus a chur chun báis. ⁴¹ Dhaingnigh sé Cidreon agus bhuannaigh marshlua agus coisithe ann i dtreo go rachaidís amach agus sciuirdeanna a thabhairt ar feadh mórghóithre Iúdáia faoi mar a d’ordaigh an rí dó.

Bua ar Cheandabaes

16 Ghabh Eoin suas ó Ghazara agus d’inis do Shíomón a athair céard a rinne Ceandabaes. ² Chuir Síomón fios ar Iúdás agus ar Eoin, an bheirt mhac ba shine aige, agus dúirt leo: “Throid mise agus mo bhráithre agus teaghlach m’athar cogáil Iosrael ónár n-óige go dtí an lá inniu, agus bhí rith an rása linn i dtreo gur minic a rinneamar Iosrael a fhuascailt. ³ Táimse imithe in aois anois ámh, ach tá sibhse i mbláth na



haoise de dheonú na trócaire. Tógaigí m'áitse agus áit mo dhearthár agus téigí amach agus troidigí ar son ár náisiúin, agus go raibh an chabhair ó Neamh agaibh.”⁴ Ansin roghnaigh Eoin fiche míle curadh catha agus marcach as an tír, agus chuir siad chun bealaigh in aghaidh Cheandabaes, agus shuigh siad a longfort don oíche i Móidín.

⁵D'éirigh siad go moch ar maidin agus mháirseáil isteach sa mhachaire, agus b'shiúd os a gcomhair fórsa láidir coisithe agus marcach, ach sileán eatarthu. ⁶Chuir sé féin agus a armáil cóiriú catha orthu féin ina n-aghaidh agus nuair a chonaic sé go raibh eagla ar an slua gabháil thar an sruthán, ghabh sé féin anonn ar dtús; nuair a chonaic a chuid fear é, ghabh siad anonn ina dhiaidh. ⁷Ansin rinne sé dhá chuid dá arm, agus chuir an marshlua i lár na gcoisithe, mar bhí marshlua an namhad an-líonmhar. ⁸Ansin shéid siad na stoic, agus cuireadh an teitheadh ar Cheandabaes agus ar a shluaite, agus goineadh agus treascradh a lán acu; theith an chuid eile isteach sa Dúnfort. ⁹Ansin is ea a goineadh Iúdás deartháir Eoin, ach chuir Eoin tóir orthu nó gur shroich [Ceandabaes] Cidreon, áit a thóg sé féin. ¹⁰Theith siad freisin isteach sna túir i ngoirt Azótas; chuir [Eoin] an áit sin trí thine. Thit timpeall dhá mhíle díobh. D'fhill Eoin slán folláin go Iúdáia.

Bás Shíomóin – Eoin ina Áit

¹¹Ceapadh Ptoilimí mac Abúbas ina ghobharnóir ar mhachaire Ireachó; bhí a lán airgid agus óir aige, ¹²mar ba é cliamhain an ardsagairt é. ¹³Tháinig éirí in airde air ina chroí istigh, agus bheartaigh sé ceannas a fháil ar an tír agus chrom ar fheall a dhéanamh ar Shíomón agus ar a chlann mhac, agus iad a scriosadh. ¹⁴Bhí Síomón ag fiosrú na



gcathracha ar fud na tíre agus ag déanamh cúraim dá gcás; agus chuaigh sé síos go hIreachó, le Mataitias agus Iúdás a chlann mhac, sa bhliain céad seachtó a seacht, san aonú mí déag, i mí Seabat is é sin. ¹⁵Mheall mac Abúbas go cealgach iad isteach sa dún beag darb ainm Dóc a bhí tógtha aige; rinne sé fleá mhór dóibh ach chuir fir i bhfolach ann. ¹⁶Nuair a bhí Síomón agus a mhic ar meisce, d'éirigh Ptoilimí agus a chuid fear, rug ar a n-airm, agus thug ruathar isteach i halla na fleá faoi Shíomón; mharaíodar é féin agus a bheirt mhac agus cuid dá ghiollaí. ¹⁷Rinne sé beart mór fill ar an tslí sin agus thug olc ar mhaith.

¹⁸Ansin scríobh Ptoilimí tuairisc ar na nithe sin agus chuir é go dtí an rí á iarraidh air fórsaí a chur i gcabhair air agus na cathracha agus an tír a thabhairt ar lámh dó. ¹⁹Chuir sé daoine eile go Gazara le hEoin a dhíothú agus chuir sé litreacha go dtí na hoifigigh á iarraidh orthu teacht chuige le go dtabharfadh sé airgead agus ór agus bronntanais dóibh. ²⁰Chuir sé a thuilleadh le seilbh a fháil ar Iarúsailéim agus ar Chnoc an Teampaill. ²¹Ach bhain duine éigin an tosach de le barr luais agus d'inis sé d'Eoin ag Gazara go raibh a athair agus a dheartháireacha básaithe, agus ar sé: “Tá fir seolta uaidh aige chun tusa a mharú chomh maith!” ²²Bhain an scéala sin stangadh an-mhór as, agus ghabh sé na fir a tháinig chun é a ídiú, agus mharaigh iad mar go raibh fios rún a mharaithe aige.

²³An chuid eile d'imeachtaí Eoin, a chogaí agus na gníomhartha gaile a rinne sé, na ballaí cathrach a thóg sé, agus a bhearta go léir, ²⁴tá siadsan uile le fáil in Annála a ardsagartachta ón uair a rinneadh ardsagart de i gcomharbacht ar a athair.

